Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2022
(OR. en)

7772/22
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0101 (NLE)**

ECOFIN 293
CADREFIN 45
UEM 48
FIN 381

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualann a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá bunaithe ar an Togra ón gCoimisiún COM (2022) 152.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.3.2022
COM(2022) 152 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle**

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualainn a fhormheas**

{SWD(2022) 102 final}

## IARSCRÍBHINN

## ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

### 1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

#### A. COMHCHUID 1: TÉARNAMH GLAS

Tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh chuspóir na Sualainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2045. Táthar ag súil go méadóidh na bearta sa chomhchuid bearta áitiúla agus réigiúnacha chun astaíochtaí ó iompar de bhóthar agus ó fhoinsí eile dé-ocsaíde carbóin agus gáis eile a dhéanann dochar don aeráid a laghdú; infheistíochtaí a mhéadú in aistriú an tionscail chuig glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa; infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh i dtithíocht a mhéadú; agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú trí nádúr luachmhar a chosaint.

Ar an gcéad dul síos, tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid dlús a chur le haistriú na hearnála iompair ionas go mbeidh sí saor ó iontaise trí infheistíochtaí a mhéadú i réitigh iompair inbhuanaithe, amhail stáisiúin luchtaithe iarnróid agus leictreacha agus bithgháis, a chomhlánaítear le pacáiste athchóirithe a bhfuil sé d'aidhm aige úsáid carranna truaillitheacha a dhíspreagadh. Is cuid d'athchóiriú na cánach glas iad na hathchóirithe chun cánachas a aistriú ó shaothar go dtí an comhshaol.

Ar an dara dul síos, tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid líon na n-astaíochtaí a bhaineann le próisis a laghdú, atá réasúnta costasach a laghdú ós rud é nach bhfuil an teicneolaíocht ar fáil ar an margadh sa lá atá inniu ann. Tá gá le tuilleadh taighde, nuálaíochta, taispeántais agus cur chun feidhme ar scála níos mó. Tugann an chomhchuid aghaidh ar an dúshlán sin trí na hacmhainní atá ar fáil don Industry Leap a mhéadú, scéim infheistíochta a bhfuil sé mar aidhm aici an tionscal a dhícharbónú.

Ar an tríú dul síos, tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála tithíochta sa tSualainn a fheabhsú. Astaíonn an earnáil 11 milliún tona dé-ocsaíde carbóin in aghaidh na bliana, go príomha ó leictreachas agus téamh spáis i dtithe.

Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid sin freisin cur leis an mbithéagsúlacht trí limistéir atá faoi chosaint fhoirmiúil a bhunú i bhfoirm tearmainn dúlra i ngnáthóga nádúrtha luachmhara.

Táthar ag súil go rannchuideoidh an chomhchuid le moltaí tírshonracha a bheidh dírithe ar an tSualainn, go háirithe 'infheistíocht a choinneáil ar bun in iompar inbhuanaithe chun na modhanna éagsúla iompair a uasghrádú, ar iarnróid ar leith' (moladh tírshonrach 2, 2019) agus 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú [...] glas, go háirithe ar tháirgeadh glan agus éifeachtúil fuinnimh, earnálacha ardteicneolaíochta agus nuálacha, [...] agus iompar inbhuanaithe' (moladh tírshonrach 2, 2020) agus 'taighde agus nuálaíocht' (moladh tírshonrach 2, 2019)

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhchuid seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

**<u>A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha</u>**

Infheistíocht 1: Infheistíochtaí áitiúla agus réigiúnacha i ngníomhú ar son na haeráide

Is scéim infheistíochta é an beart ar a dtugtar *Climate Leap*, a mhaoineoidh gníomhaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha chun astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus gáis eile a dhéanann dochar don aeráid a laghdú. Is eintitis phríobháideacha agus phoiblí iad na tairbhithe, go háirithe bardais, eagraíochtaí agus fiontair, gan daoine aonair a áireamh. Is iad na héifeachtaí a bhfuil súil leo freisin scaipeadh teicneolaíochtaí nua, glacadh sa mhargadh, sláinte agus fostaíocht níos fearr, chomh maith le tionchar dearfach ar chuspóirí comhshaoil eile.

Athneartóidh an beart scéim atá ann cheana ó thaobh airgeadais de. Áireofar sna gníomhaíochtaí dá dtabharfar tacaíocht gníomhaíocht nithiúil ar son na haeráide i réimsí amhail an t-iompar, an tionsclaíocht, an talmhaíocht agus an fuinneamh. Tá idir bhithghás agus bhonneagar amhail cosáin rothar nó pointí athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha go téamh ceantair a chur in ionad ola.

Níl aon chlúdach réamhchinnte idir na cineálacha éagsúla tionscadal. Ina ionad sin, cuirfidh an Climate Leap maoiniú ar fáil don infheistíocht leis an laghdú is mó is féidir ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an SEK arna infheistiú. Urramóidh roghnú na dtionscadal critéir éagsúla. I gcás tionscadal maidir le comhshó go bithfhuinneamh le haghaidh téimh sa tionscal agus sa talmhaíocht, beidh sé de chuspóir ag an mbeart laghdú 80 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí úsáid na bithmhaise bunaithe ar an modh ríofa le haghaidh laghduithe ar ghás ceaptha teasa agus ar an gcoibhéis iontaise coibhneasta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. I gcás tionscadal maidir le bithghás a tháirgeadh, tá sé de chuspóir ag an mbeart astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an tsuiteáil a laghdú 65 % ar a laghad trí úsáid na bithmhaise chun na críche sin bunaithe ar an modh ríofa le haghaidh laghduithe ar ghás ceaptha teasa agus ar an gcoibhéis iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. I gcás tionscadal maidir le hiompar (stáisiúin seirbhíse), beidh cuspóir an bhirt i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001. I gcás tionscadal maidir le dramhaíl (athchúrsáil phlaistigh), beidh sé de chuspóir ag an mbeart 50 % ar a laghad, arna thomhas de réir meáchain, den dramhaíl neamhdhíobhálach phróiseáilte agus bhailithe ar leithligh a thiontú ina hamhábhair thánaisteacha. I gcás tionscadal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, beidh sé d’aidhm ag an mbeart laghdú 30 % ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha i gcomparáid le hastaíochtaí réamhríofa. I gcás tionscadal maidir le stáisiúin luchtaithe do charranna leictreacha agus don bhonneagar leictreach, beidh cuspóir an bhirt i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, ag cur san áireamh tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01). Go háirithe, comhlíonfaidh bithbhreoslaí na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29, 30 agus 31 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (REDII) agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir sin, agus na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir sin. Comhlíonfaidh an beart na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a leagtar síos i dTreoir 2008/50/CE freisin. Ní bheidh gníomhaíochtaí faoin gCóras Trádála Astaíochtaí incháilithe do chistiú, cé is moite de dhramhtheas a mbaintear úsáid as do théamh ceantair. Beidh astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa faoi bhun an tagarmhairc teasa a bhunaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún[1] ag aon chistiú den sórt sin le haghaidh dramhtheasa. Ina n-iomláine, déantar na

[1] I gcás ina mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha leis an ngníomhaíocht dá dtabharfar tacaíocht, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil baint amach na dtagarmharcanna sin indéanta. Tagarmharcanna arna mbunú le haghaidh leithdháileadh saor

gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh tuilleadh ó mhaoiniú: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[2]; (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí[3] agus ionaid cóireála bitheolaíche meicniúla[4]; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

<u>Infheistíocht 2: Infheistíochtaí i ngníomhú ar son na haeráide san earnáil thionsclaíoch (Industry Leap)</u>

Is scéim infheistíochta é an beart ar a dtugtar *Industry Leap.* Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht seo tacaíocht airgeadais a sholáthar i bhfoirm deontas d'infheistíochtaí, taighde, staidéir indéantachta, treoirthionscadail, agus tionscadail taispeántais chun cabhrú leis an tionscal aistriú i dtreo glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa. Maoineofar leis tionscadail a fhorbraíonn, a thaispeánann agus a chuireann teicneolaíocht nua chun feidhme nach bhfuil astaíochtaí nialasacha, ísle nó diúltacha gáis cheaptha teasa ag baint léi i dtionscail ina bhfuil astaíochtaí arda próisis.

Athneartóidh an beart scéim atá ann cheana. Leathnófar an tacaíocht do thionscadail thionsclaíocha a chuireann go mór le cuspóirí aeráide a bhaint amach, amhail táirgeadh bithbhreosla, scaglanna plaisteach athchúrsáilte, táirgeadh hidrigine, saoráidí athchúrsála agus táirgeadh ceallraí. Féadfar úsáid a bhaint as tacaíocht ón scéim le haghaidh caiteachas a bhaineann le bearta a chuireann le hastaíochtaí diúltacha buana gás ceaptha teasa, lena n-áirítear taighde, forbairt, tástáil, léiriú agus infheistíocht. Den imchlúdach buiséadach iomlán, déanfar ar a laghad 85 faoin gcéad de na cistí a thiomnú do thionscadail taighde agus forbartha a dhíríonn ar an ngeilleagar ísealcharbóin agus ní bheidh níos mó ná 15 faoin gcéad tiomnaithe do thionscadail taighde agus forbartha a dhíríonn ar an ngeilleagar ciorclach.

Tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas: (1) rannchuidíonn sé le hastaíochtaí tionsclaíocha gás ceaptha teasa a laghdú, ar astaíochtaí iad a bhaineann go díreach nó go hindíreach le próisis thionsclaíocha, (2) rannchuidíonn sé le hastaíochtaí diúltacha a bhaint amach trí gháis cheaptha teasa de thionscnamh bithghineach nó trí na gáis sin a tógadh amach as an atmaisféar a ghabháil, a iompar agus a stóráil go geolaíoch, nó (3) trí theicneolaíochtaí nua nó réitigh nuálacha eile a chur i bhfeidhm sa tionscal, rannchuidíonn sé go mór cuspóir comhshaoil náisiúnta na Sualainne 'Tionchar Laghdaithe ar an Aeráid' a bhaint amach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, ag cur san áireamh tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis

in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[2] Cé is moite de thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a bhaineann úsáid as gás nádúrtha, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[3] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid atá dírithe go heisiach ar dhramhaíl ghuaiseach neamh-inathchúrsáilte a chóireáil, agus ar ionaid atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid, nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach ó loisceoirí, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin nó go gcuirfear síneadh le saolré na n-ionad; a bhfuil fianaise curtha ar fáil ina leith ar leibhéal an ionaid.

[4] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó aisfheistiú le haghaidh oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múiríne agus bith-dhíghrádú anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin nó go gcuirfear síneadh le saolré na n-ionad; a bhfuil fianaise curtha ar fáil ina leith ar leibhéal an ionaid.

an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Go háirithe, comhlíonfaidh bithbhreoslaí na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagail 29, 30 agus 31 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (REDII) agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir sin, agus na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir sin. Comhlíonfaidh an beart na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a leagtar síos i dTreoir 2008/50/CE freisin. Beidh astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa ag gníomhaíochtaí faoin gCóras Trádála Astaíochtaí atá níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha arna mbunú le haghaidh leithdháileadh saor in aisce[5]. Ina n-iomláine, déantar na gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh tuilleadh ó mhaoiniú: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[6]; (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí[7] agus ionaid cóireála bitheolaíche meicniúla[8]; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol.

Measfar go gcomhlíonann na gníomhartha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta seo a leanas faoin infheistíocht seo an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta faoin infheistíocht seo atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil cuideachtaí a mhéadú go mór (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) má tá príomhfhócas ghníomhartha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta faoin infheistíocht seo ar roghanna eile a fhorbairt nó a oiriúnú leis na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir san earnáil.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí

Leis an scéim tacaíochta poiblí seo, scéim a bhunófar le rialachán atá beartaithe le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí, dírítear ar úinéirí maoine a dhreasú chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh ilteaghaisí, rud nach gnách é a bheith brabúsach. Tabharfaidh an scéim tacaíochta tacaíocht d'infheistíochtaí lena mbainfear amach laghdú 20 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar leibhéal an fhoirgnimh. Beidh sé dírithe freisin ar dhreasachtaí a chruthú d'úinéirí maoine chun córais chliste fuinnimh a áireamh mar chuid den iarracht athchóirithe.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

---

[5] I gcás ina mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha leis an ngníomhaíocht dá dtabharfar tacaíocht, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil baint amach na dtagarmharcanna sin indéanta. Tagarmharcanna arna mbunú le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[6] Cé is moite de thionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, a bhaineann úsáid as gás nádúrtha, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[7] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid atá dírithe go heisiach ar dhramhaíl ghuaiseach neamh-inathchúrsáilte a chóireáil, agus ar ionaid atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid, nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach ó loisceoirí, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin nó go gcuirfear síneadh le saolré na n-ionad; a bhfuil fianaise curtha ar fáil ina leith ar leibhéal an ionaid.

[8] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun críche éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó aisfheistiú le haghaidh oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múiríne agus bith-dhíghrádú anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin nó go gcuirfear síneadh le saolré na n-ionad; a bhfuil fianaise curtha ar fáil ina leith ar leibhéal an ionaid.

Infheistíocht 4: Tacaíocht neartaithe d'iarnróid

Leis an mbeart sin, uasghrádófar iarnród sa tSualainn ionas go mbeidh níos mó daoine agus fiontar in ann úsáid a bhaint as iarnróid mar mhodh iompair. Feabhsóidh na huasghráduithe toilleadh iarnróid freisin. Baineann an t-uasghrádú leis na hiarnróid idir Gävle-Åänge (iarnród siúnta agus siúntadh), Västeraspby-Långsele (iarnród siúnta agus siúntadh), an droichead atá suite in Vänersborg a atógáil agus infheistiú i gcrosaire comhréidh uathoibríoch ('Alex').

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin Dé Máirt 31 Márta 2026.

Infheistíocht 5: Cosaint nádúr luachmhar

Beidh sé d'aidhm ag an mbeart seo bithéagsúlacht a chosaint i limistéir a bhfuil ardluachanna nádúrtha iontu, trí limistéir ina bhfuil tearmainn dúlra faoi chosaint fhoirmiúil a bhunú. De réir chód comhshaoil na Sualainne, féadfaidh bord riaracháin contae talamh nó limistéar uisce a fhógairt mar thearmann dúlra chun críche éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú, chun timpeallachtaí nádúrtha luachmhara a chosaint agus a chaomhnú nó chun riachtanas limistéar áineasa faoin aer a shásamh. Féadfar tearmann dúlra a ainmniú freisin ar aon limistéar atá ag teastáil chun timpeallachtaí nádúrtha luachmhara nó gnáthóga luachmhara a chosaint, a athbhunú nó a bhunú do speicis ar fiú iad a chaomhnú. Is éard a bheidh sa bheart cúiteamh a thabhairt d'úinéirí talún príobháidí as ceannach limistéir talún nó cúiteamh i leith srianta arb í an chosaint fhoirmiúil is cúis leo. Sonrófar sa chinneadh chun tearmann dúlra a bhunú na srianta ar an gceart talamh agus limistéir uisce a úsáid is gá chun cuspóir an tearmainn a bhaint amach.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 1: Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú

Leis an athchóiriú seo, cuirfear de cheangal ar sholáthróirí breosla bithbhreoslaí inbhuanaithe a chumasc i ngásailín, i ndíosal agus i scairdbhreosla. Meastar go rannchuideoidh sé le cuspóir aeráide na Sualainne a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2045 a bhaint amach, mar go gcuireann sé breoslaí in-athnuaite chun cinn le haghaidh an stoic gnáthfheithiclí agus aerárthaí atá ann cheana. Tugadh isteach an oibleagáid maidir le laghdú i gcás scairdbhreosla an 1 Iúil 2021 agus ceanglaítear léi go laghdódh soláthróirí astaíochtaí ó scairdbhreosla de réir a chéile, ag tosú ag 0,8 % in 2021 go 27 % in 2030. Ón 1 Lúnasa 2021 méadaíodh na cuótaí maidir le laghdú i gcás gásailín agus díosail. Méadófar na cuótaí de réir a chéile ó 6 % in 2021 go 28 % in 2030 i gcás gásailín agus ó 26 % in 2021 go 66 % in 2030 i gcás díosail. I dtaca le bithbhreoslaí a úsáidtear chun an oibleagáid a chomhlíonadh, comhlíonfaidh siad na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29, 30 agus 31 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite 2018/2001/AE (REDII) agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir sin, agus gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir sin.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú 2: Deireadh a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe

Leis an mbeart seo, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an laghdú atá ann faoi láthair ar an gcáin fuinnimh ar bhreoslaí a thomhlaítear le haghaidh téamh nó oibriú inneall do-aistrithe. Táthar ag súil go rannchuideoidh sé le cuspóir aeráide na Sualainne a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2045 a bhaint amach. Is iad na hearnálacha a áireofar sa bheart seo an earnáil monaraíochta chomh maith le gníomhaíochtaí gairmiúla talmhaíochta, foraoiseachta agus dobharshaothraithe.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche de réir a chéile, ag tosú le laghdú 50 % ar an mbuntáiste cánach faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus ag críochnú le deireadh iomlán leis an laghdú cánach faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú 3: Rátaí brabúis inmheasúnaithe a choigeartú le haghaidh gluaisteáin chuideachta

Trí na rátaí brabúis inmheasúnaithe le haghaidh gluaisteáin chuideachta a choigeartú, coigeartófar leis an mbeart seo na costais choibhneasta chun léiriú níos fearr a thabhairt ar na costais a bhaineann le húinéireacht gluaisteáin phríobháideach. I gcuid mhór cásanna, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar luach an bhrabúis inmheasúnaithe as an athchóiriú, rud a mhéadóidh an costas a bhaineann le gluaisteán cuideachta a bheith ag duine. Is é is aidhm don athchóiriú nach mbeidh difear sa chóras cánach idir sochair ghluaisteáin agus tuarastal airgid. Go hindíreach, tugann an t-athchóiriú aghaidh freisin ar an dúshlán a sainaithin údaráis na Sualainne, eadhon go spreagann córas cánach na Sualainne gluaisteáin a thiomáintear le breosla iontaise níos mó ná earraí agus seirbhísí eile.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2021.

**A.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

*Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa chur síos ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.*

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 1 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S1: Dámhachtain tionscadal a laghdaíonn astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 300 000 tona ionchais | | Laghduithe nua $CO_2$ nó coibhéisí $CO_2$ ar astaíochtaí | 0 | 300 000 | R4 | 2021 | Dámhfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil tionscadail a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus a laghdóidh ar an iomlán na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 300 000 tona sa bhreis in aghaidh na bliana thar thréimhse ionchasach 16 bliana. |
| 2 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S2: Dámhachtain tionscadal a laghdaíonn astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 240 000 tona ionchais | | Laghduithe nua $CO_2$ nó coibhéisí $CO_2$ ar astaíochtaí | 300 000 | 540 000 | R4 | 2022 | Dámhfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil tionscadail a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus a laghdóidh ar an iomlán na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 240 000 tona sa bhreis in aghaidh na bliana thar thréimhse ionchasach 16 bliana. |
| 3 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S3: Dámhachtain tionscadal a laghdaíonn astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 140 500 tona ionchais | | Laghduithe nua $CO_2$ nó coibhéisí $CO_2$ ar astaíochtaí | 540 000 | 680 500 | R4 | 2023 | Dámhfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil tionscadail a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus a laghdóidh ar an iomlán na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 140 500 tona sa bhreis in aghaidh na bliana thar thréimhse ionchasach 16 bliana. |
| 4 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S4: Dámhachtain tionscadal a laghdaíonn astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 89 500 tona ionchais | | Laghduithe nua $CO_2$ nó coibhéisí $CO_2$ ar astaíochtaí | 680 500 | 770 000 | R4 | 2024 | Dámhfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil tionscadail a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus a laghdóidh ar an iomlán na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 89 500 tona sa bhreis in aghaidh na bliana thar thréimhse ionchasach 16 bliana. |
| 5 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S5: Dámhachtain tionscadal a laghdaíonn astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 15 000 tona ionchais | | Laghduithe nua $CO_2$ nó coibhéisí $CO_2$ ar astaíochtaí | 770 000 | 785 000 | R4 | 2025 | Dámhfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil tionscadail a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus a laghdóidh ar an iomlán na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 15 000 tona sa bhreis in aghaidh na bliana thar thréimhse ionchasach 16 bliana. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 6 | Infheistíocht aeráide san earnáil tionsclaíochta | Sprioc | Dámhachtain tionscadal a d'fhéadfadh rannchuidiú le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a laghdú | | Líon na dtionscadal arna ndámhachtain | 0 | 100 | R4 | 2025 | Measfar an sprioc a bheith bainte amach nuair a bheidh méid carnach EUR 286,4 milliún dáfa ar líon carnach 100 tionscadal ar a laghad (i) a bheidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart agus (ii) a d'fhéadfadh rannchuidiú le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a laghdú faoi 10 000 000 tona breise de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana faoi 2035 (nuair a bheidh na tionscadail lánoibríochtúil). Deimhneoidh tuarascáil neamhspleách na ríomhanna. |
| 7 | Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm reachta lena mbunaítear an scéim tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise | An 1 Deireadh Fómhair 2021 a thiocfaidh an reacht i bhfeidhm i ndáil leis an scéim tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise. | | | | R4 | 2021 | Tagann an reacht lena mbunaítear an scéim tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise i bhfeidhm. Tabharfaidh an scéim tacaíochta tacaíocht d'infheistíochtaí lena mbainfear amach laghdú 20 % ar a laghad ar an éileamh fuinnimh phríomhúil ar leibhéal an fhoirgnimh. |
| 8 | Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise | Sprioc | Tá athchóiriú déanta ar 600 000 méadar cearnach d'fhoirgnimh | | Méadair chearnacha | 0 | 600 000 | R4 | 2025 | Beidh athchóiriú déanta ar 600 000 méadar cearnach d'fhoirgnimh. Is é Atemp an t-aonad tomhais, téarma a shainíonn achar urláir an fhoirgnimh ar ar cheart an fheidhmíocht fuinnimh a bhunú.<br><br>Sainmhínítear Atemp mar achar na n-urlár, na n-urlár áiléir agus na n-urlár íoslach uile a bhfuil limistéir atá faoi rialú teochta acu agus a bhfuil sé beartaithe iad a théamh go dtí os cionn 10 °C agus a theorannaítear ag an taobh istigh d'imchlúdach an fhoirgnimh. Áirítear ann an t-achar a chlúdaítear le ballaí laistigh nó le hoscailtí le haghaidh staighrí, seaftaí agus nithe comhchosúla. Mar |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | | | | | | | | sin féin, ní áirítear achar i ngaráistí, atá san fhoirgneamh i bhfoirgneamh cónaithe nó in áitreabh neamhchónaithe, seachas más garáiste é an áitreabh neamhchónaithe. |
| 9 | Tacaíocht neartaithe d'iarnróid | Sprioc | Tá 60 km d'iarnróid feabhsaithe nó uasghrádaithe | | Ciliméadair | 0 | 60 | R4 | 2021 | Críochnófar uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid, lena n-áirítear an bonneagar le haghaidh athrú ráille agus siúntadh, idir Gävle-Åänge thar achar 60 ciliméadar. |
| 10 | Tacaíocht neartaithe d'iarnróid | Sprioc | Tá 40 km d'iarnróid feabhsaithe nó uasghrádaithe | | Ciliméadair | 60 | 100 | R4 | 2022 | Críochnófar uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid, lena n-áirítear an bonneagar le haghaidh athrú ráille agus siúntadh, idir Västeraspby-Långsele thar achar 40 ciliméadar. |
| 11 | Tacaíocht neartaithe d'iarnróid | Sprioc | Malartú, uasghrádú agus nascadh 160 saoráid cosanta bóthair | | Líon na saoráidí nua/uasghrádaithe cosanta bóthair | 0 | 160 | R4 | 2023 | Cuireadh saoráidí nua in ionad 160 saoráid cosanta bóthair ar a laghad, sin agus/nó rinneadh iad a uasghrádú. Cuimseofar leis sin bearta chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht agus chun í a mhéadú agus chun iontaofacht oibríochtúil níos airde a bhaint amach. Déanfar na saoráidí a uasghrádú agus cuirfear córas nua-aimseartha ina n-ionad ag a mbeidh teicneolaíocht nua lena ngabhfaidh cosaint fheabhsaithe ar ionradh. Is é dearadh agus riachtanais an tsuímh a chinneann an chaoi a ndéantar an obair. Cuirfear teicneolaíocht nua in ionad fhormhór na seansaoráide. |
| 12 | Tacaíocht neartaithe d'iarnróid | Cloch mhíle | Uasghrádú ar dhroichead atá suite in Vänersborg | Tá tógáil an droichid in Vänersborg tugtha chun críche. | Tógáil droichid | | | R1 | 2026 | Áiritheofar go leanfar den trácht ar an iarnród trí Vänersborg tríd an droichead nua a chur in ionad an droichid tógála riain aonair atá ann. Déanfar an droichead nua a nuachóiriú agus a fheistiú le córais rialaithe nua-aimseartha a mhéadaíonn an iontaofacht. |
| 13 | Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear cuótaí méadaithe maidir le laghdú san oibleagáid a bhaineann le hastaíochtaí gás | Foráil sa dlí lena mbunaítear cuótaí méadaithe maidir le laghdú san oibleagáid a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó | | | | R3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear cuótaí méadaithe maidir le laghdú san oibleagáid um laghdú lena gceanglaítear ar sholáthróirí breosla bithbhreoslaí a chumasc de réir a chéile i ngásailín agus i ndíosal. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | ceaptha teasa ó ghásailín agus ó dhíosal a laghdú trí cheangal a chur ar sholáthróirí breosla bithbhreoslaí a chumasc de réir a chéile | ghásailín agus ó dhíosal a laghdú, foráil lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | | | |
| 14 | Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear oibleagáid um laghdú maidir le scairdbhreosla | Foráil sa dlí lena mbunaítear oibleagáid um laghdú maidir le scairdbhreosla, foráil lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm oibleagáide um laghdú lena gceanglaítear ar sholáthróirí breosla bithbhreoslaí a chumasc i scairdbhreosla. Beidh sé de cheangal ar sholáthróirí scairdbhreosla astaíochtaí ón scairdbhreosla a laghdú de réir a chéile trí bhithbhreoslaí a chumasc, ag tosú le hastaíochtaí a laghdú faoi 0,8 % in 2021 go laghdú faoi 27 % in 2030. |
| 15 | Deireadh a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena gcuirtear deireadh i bpáirt le laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe | Foráil sa dlí chun deireadh i bpáirt a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe, foráil ina léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm dlí lena gcuirfear deireadh i bpáirt leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreoslaí sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus sa dobharshaothrú. Is é seo an chéad chéim de dhá chéim chun deireadh a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe. Laghdú 50 % ar an mbuntáiste cánach a bheidh sa chéad chéim. |
| 16 | Deireadh a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm an dlí chun deireadh iomlán a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe | Foráil sa dlí chun deireadh iomlán a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe, foráil ina léirítear | | | | R1 | 2022 | Teacht i bhfeidhm dlí, tar éis a ghlactha ag Parlaimint na Sualainne, lena gcuirfear deireadh iomlán leis an laghdú ar an gcáin fuinnimh ar bhreoslaí sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus sa dobharshaothrú. Is é seo an dara céim de dhá chéim chun deireadh a chur leis an laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | | an teacht i bhfeidhm | | | | | | |
| 17 | Rátaí brabúis inmheasúnaithe a choigeartú le haghaidh gluaisteáin chuideachta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí chun an ráta brabúis inmheasúnaithe le haghaidh gluaisteáin cuideachta a choigeartú | Foráil sa dlí chun an ráta brabúis inmheasúnaithe le haghaidh gluaisteáin cuideachta a choigeartú, foráil lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R3 | 2021 | Teacht i bhfeidhm dlí chun an ráta brabúis inmheasúnaithe le haghaidh gluaisteáin cuideachta a choigeartú, dlí a choigeartóidh na rátaí brabúis inmheasúnaithe le haghaidh gluaisteáin cuideachta chun na costais a bhaineann le gluaisteáin faoi úinéireacht phríobháideach a léiriú ar bhealach níos fearr, agus arb é is cuspóir dó nach mbeidh difear sa chóras cánach idir sochair ghluaisteáin agus tuarastal airgid, agus ar an gcaoi sin tabharfar aghaidh go hindíreach ar an gclaontacht atá ann cheana sa chóras cánach i bhfabhar gluaisteáin a thiomáintear le breosla iontaise thar earraí agus seirbhísí eile. |
| 18 | Cosaint fhoirmiúil den dúlra luachmhar | Sprioc | Maoiniú arna eisíoc chun an dúlra a chosaint a bhfuil ardluachanna nádúrtha aici le haghaidh na bithéagsúlachta | | Milliún SEK | 0 | 2 500 | R4 | 2023 | Déanfar SEK 2.5 billiún ar a laghad a eisíoc le fiontair nó daoine aonair as talamh a cheannach nó mar chúiteamh as srianta ar thalamhúsáid talún a bhfuil ardluach nádúrtha aici le haghaidh na bithéagsúlachta, arb é is aidhm í a chosaint go foirmiúil.<br><br>Cuirfear toradh na hinfheistíochta i láthair i dtuarascáil a fhoilseoidh Gníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú an Chomhshaoil. Léireofar sa tuarascáil cé mhéad maoiniú a íocadh in 2021-2023 chun cúiteamh a thabhairt d'úinéirí talún príobháideacha as limistéar talún a cheannach nó mar chúiteamh as srianta a eascraíonn as an gcosaint fhoirmiúil. Áireofar sa tuairisciú freisin faisnéis maidir le líon na limistéar atá faoi chosaint fhoirmiúil agus maidir leis an achar iomlán atá faoi chosaint. |

## B. COMHCHUID 2: OIDEACHAS AGUS AISTRIÚ

Áirítear sa chomhchuid 'Oideachas agus aistriú' athchóirithe agus infheistíochtaí chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta trí chaipiteal daonna a mhéadú i measc daoine dífhostaithe, chun claochlú struchtúrach a éascú, go háirithe oiriúnú do shochaí atá ag éirí níos digití, trí oideachas agus oiliúint a chur ar an lucht saothair, chun solúbthacht a mhéadú i margadh an tsaothair le dlí nuachóirithe maidir le cosaint fostaíochta agus le deiseanna níos fearr um aistriú.

Tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid borradh a chur faoin bhfostaíocht agus faoin táirgiúlacht san fhadtéarma trí chaipiteal daonna an lucht saothair a mhéadú agus trí fhreastal ar an éileamh ar bhealach níos fearr. Leis an gclaochlú struchtúrach, go háirithe an t-aistriú digiteach, cuirtear brú ar dheiseanna um athsciliú, nuair nach bhfuil na scileanna atá ag teastáil ó mhargadh an tsaothair ag an lucht saothair.

Is iad na daoine sin a rugadh lasmuigh den Aontas, daoine nach bhfuil meánoideachas uachtaraigh acu, daoine scothaosta atá dífhostaithe agus daoine faoi mhíchumas na daoine a bhfuil deacrachtaí ar leith acu i margadh saothair na Sualainne. Tá méadú tagtha ar an dífhostaíocht le linn na géarchéime. Tá sé beartaithe ag an gcomhchuid gníomhú i gcoinne daoine a bheith ag fágáil an luchta saothair agus a bhfágáil a sheachaint.

I ngeall ar ghéarchéim Covid-19, ní ann a thuilleadh d'an-chuid deiseanna fostaíochta in earnáil na seirbhíse do dhaoine óga nó d'inimircigh a tháinig go dtí an tSualainn le déanaí. Tá deacrachtaí ag earnálacha amhail an tsláinte, an t-oideachas nó TFC daoine a bhfuil na tacair chuí scileanna acu a aimsiú. Is bacainn ar an bhfás do ghnólachtaí na Sualainne í an easpa scileanna agus cuirtear srian léi ar an bhféidearthacht cáilíocht an chórais leasa a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Áirítear sa chomhchuid athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcuirtear feabhas ar dheiseanna um an aistriú, deiseanna go ginearálta agus deiseanna le haghaidh daoine atá dífhostaithe. Tá sé d'aidhm ag an gcomhchuid líon na n-áiteanna staidéir a mhéadú agus tuilleadh deiseanna oiliúna a chur ar fáil, agus béim ar ghairmoiliúint agus ar oideachas aosach. Ina theannta sin, tá sé beartaithe aici cur le líon na n-áiteanna in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile.

Meastar go rannchuideoidh an chomhchuid le moltaí tírshonracha a dhírítear ar an tSualainn, go háirithe 'an beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar oideachas agus ar scileanna' (moladh tírshonrach 2, 2019) agus 'tacaíocht a thabhairt d'oideachas agus d'fhorbairt scileanna' (moladh tírshonracha 2, 2020).

### B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Breis áiteanna staidéir i ngairmoideachas aosach réigiúnach

Is é is aidhm don infheistíocht seo go mbeidh níos mó daoine in ann gairmoiliúint a fháil ar leibhéal an mheánoideachais uachtaraigh agus, dá bhrí sin, go mbeidh siad in ann post a fháil. Tá coinne leis go gcuirfidh an infheistíocht feabhas ar an meaitseáil i margadh an tsaothair agus go gcuirfidh sí dlús leis an bhfostaíocht san fhadtéarma. Tá codanna den tionscnamh laistigh den ghairmoideachas aosach á spreagadh ag an ngá oiliúint a chur ar fáil do dhaoine atá faoi chúram do dhaoine scothaosta a ghlacann páirt sa Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta, ar cuid de chomhchuid 3 é.

Is éard a bheidh sa bheart neartú sealadach ar an mBorradh Eolais atá ann cheana, tionscnamh a chuireann gairmchláir ar fáil do dhaoine fásta ar leibhéal an mheánoideachais uachtaraigh. Féadfar é a chomhcheangal le Sualainnis d'Inimircigh nó le Sualainnis mar dhara teanga. Tabharfar tosaíocht do dhaoine aonair a bhfuil an gá is mó acu le hoideachas, amhail daoine atá dífhostaithe nó daoine

aonair nach bhfuair ach oideachas gearr roimhe sin. Tá coinne leis gurb iad soláthraithe oiliúna príobháideacha a sholáthróidh cúrsaí oiliúna go príomha, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann cur leo go tapa agus go mbeidh solúbthacht ann chun freagairt d'éilimh oiliúna athraitheacha.

Cuirfear cur chun feidhme na hinfheistíochta i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 1: Leibhéal cúitimh níos airde don ghairmoiliúint i gcomhar le Sualainnis d'Inimircigh agus Sualainnis mar dhara teanga

Is é is aidhm don athchóiriú sin dreasachtaí eacnamaíocha a chruthú do bhardais chun teaglaim de ghairmoiliúint agus oiliúint sa tSualainnis a thairiscint. Déanfar é sin trí leasuithe a dhéanamh ar an ngníomh dlí ábhartha lena méadófar méid an chúitimh stáit le haghaidh cúrsaí comhcheangailte den sórt sin. Meastar go ngiorróidh sé sin an tréimhse staidéir agus go mbeidh rannpháirtithe in ann fostaíocht a lorg agus a fháil ar bhealach níos tapúla. Leis an athchóiriú sin, tacófar le hInfheistíocht 1 agus meastar go méadóidh sé líon na n-áiteanna staidéir le haghaidh an spriocghrúpa, go háirithe daoine fásta nach bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí ná scileanna teanga leordhóthanacha acu.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 30 Meán Fómhair 2020.

Infheistíocht 2: Breis áiteanna staidéir san ard-ghairmoideachas

Is é is aidhm don infheistíocht seo feabhas a chur ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar na hionchais aistrithe chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair le linn na géarchéime agus ina diaidh agus chun uasoiliúint a chur ar an lucht saothair, trí líon na n-áiteanna san ard-ghairmoideachas a mhéadú. Meastar go dtabharfar aghaidh leis an infheistíocht ar na riachtanais aistrithe i margadh an tsaothair, mar go raibh ganntanas saothair ann i gcás go leor gairmeacha fiú roimh an ngéarchéim, go háirithe san earnáil leasa, sonraí/TF agus san earnáil thionsclaíoch. Meastar go mbeidh 59 % de na háiteanna staidéir breise san ard-ghairmoideachas sna réimsí sonraí/TF nó go gcuirfidh siad leis an aistriú digiteach ar bhealach éigin eile.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 3: Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile

Díreofar an infheistíocht ar uas-scálú a dhéanamh ar an oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile chun dul i ngleic leis na dúshláin i margadh an tsaothair. Mar gheall ar an meath eacnamaíoch a tharla de dheasca phaindéim Covid-19 tá méadú tagtha ar an dífhostaíocht i measc daoine aonair a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí acu, agus tá ardoideachas á lorg ag go leor de na daoine sin anois, agus tá líon na n-iarratasóirí ag leibhéil níos airde ná riamh. Díreofar ar chláir atá dírithe ar ghairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu agus ar chláir a chumasóidh uas-sciliú agus tuilleadh staidéir. Leis an infheistíocht, méadófar cistiú ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile chun líon níos mó mac léinn lánaimseartha (áiteanna staidéir) a chumasú, chun an tsochaí a threisiú, chun riachtanais daoine maidir le hoiliúint as a n-eascraíonn poist a chomhlíonadh, chun aistriú a chumasú chun daoine aonair a ullmhú ar bhealach níos fearr don mhargadh saothair amach anseo agus chun feabhas a chur ar chaighdeáin an leasa agus chun borradh a chur faoi iomaíochas earnáil ghnó na Sualainne. Meastar go nginfidh an infheistíocht fostaíocht níos airde, táirgiúlacht níos fearr agus go mbeidh sé mar bhonn taca le soláthar lucht saothair dea-oilte. Ar an meán, meastar go méadóidh 27 % de na háiteanna staidéir breise scileanna digiteacha nó go gcuirfidh siad leis an aistriú digiteach ar bhealach éigin eile.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2: An gníomh um chosaint fostaíochta agus deiseanna aistrithe níos fearr

Beidh sé d'aidhm ag an athchóiriú an chosaint fostaíochta atá ann faoi láthair a oiriúnú chun an tsolúbthacht agus an tsoghluaisteacht araon i margadh an tsaothair a fheabhsú. Tá an margadh

saothair Sualannach ag éirí níos scoilte idir daoine ardoilte a bhfuil taithí ghairmiúil acu agus daoine neamhoilte nach bhfuil taithí ghairmiúil acu agus a bhfuil sé níos deacra dóibh fostaíocht bhuan a fháil. Tá gá le níos mó soghluaisteachta agus pointí iontrála do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste. Tá níos mó solúbthachta agus intuarthachta ag teastáil ó fhostóirí chun go mbeidh siad in ann oibríochtaí a oiriúnú agus iomaíocht a sheasamh, agus tá cosaint atá curtha in oiriúint do mhargadh nua an tsaothair ag teastáil ó fhostaithe, agus tá gá le huasoiliúint leanúnach agus, dá bhrí sin, le hinfhostaitheacht níos fearr mar fhachtóir tábhachtach slándála. Is é an cuspóir a bheidh leis an athchóiriú cosaint fostaíochta a nuachóiriú, agus an chothromaíocht bhunúsach idir na comhpháirtithe sóisialta á coimeád ag an am céanna.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta curtha i gcrích faoin 30 Meitheamh 2022.

## B.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

*Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa chur síos ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.*

| Líon | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An t-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 19 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S1: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 0 | 1 000 | R4 | 2020 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2020 agus tosaíocht tugtha do dhaoine aonair a bhfuil an gá is mó acu le hoideachas i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart, i gcomparáid le bonnlíne na n-áiteanna staidéir bliantúla de 34 000 in 2019. Tabharfaidh na háiteanna staidéir nua a chruthófar líon iomlán na n-áiteanna staidéir go 35 000. Sainmhínítear áiteanna staidéir mar áiteanna staidéir coibhéiseacha lánaimseartha. |
| 20 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S2: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 1 000 | 7 800 | R4 | 2021 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2021 agus tosaíocht tugtha do dhaoine aonair a bhfuil an gá is mó acu le hoideachas i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart, i gcomparáid le bonnlíne na n-áiteanna staidéir bliantúil de 34.000 in 2019. Tabharfaidh na háiteanna staidéir nua a chruthófar líon iomlán na n-áiteanna staidéir go 40 800. Sainmhínítear áiteanna staidéir mar áiteanna staidéir coibhéiseacha lánaimseartha. |
| 21 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S3: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 7 800 | 15 700 | R4 | 2022 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2022 agus tosaíocht tugtha do dhaoine aonair a bhfuil an gá is mó acu le hoideachas i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart, i gcomparáid le bonnlíne na n-áiteanna staidéir bliantúil de 34.000 in 2019. Tabharfaidh na háiteanna staidéir nua a chruthófar líon iomlán na n-áiteanna staidéir go 41 900. Sainmhínítear áiteanna staidéir mar áiteanna staidéir coibhéiseacha lánaimseartha. |
| 22 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S4: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 15 700 | 16 900 | R4 | 2023 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2023 agus tosaíocht tugtha do dhaoine aonair a bhfuil an gá is mó acu le hoideachas i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart, i gcomparáid le bonnlíne na n-áiteanna staidéir bliantúil de 34 000 in 2019. Tabharfaidh na háiteanna staidéir nua a chruthófar líon iomlán na n-áiteanna staidéir go 35 200. Sainmhínítear áiteanna staidéir mar áiteanna staidéir coibhéiseacha lánaimseartha. |
| 23 | Leibhéal cúitimh níos airde don ghairmoiliúint i | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm an leibhéil chúitimh níos | Foráil sa dlí lena leagtar síos leibhéal cúitimh | | | | T3 | 2020 | Teacht i bhfeidhm an dlí. Leis an dlí leagfar síos ráta cúitimh stáit méadaithe le haghaidh cúrsaí oiliúna ina gcomhcheanglaítear gairmoiliúint i gcúram sláinte agus |

| Líon | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An t-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | gcomhar le Sualainnis d'Inimircigh agus Sualainnis mar dhara teanga | | airde don ghairmoiliúint i gcomhar le Sualainnis d'Inimircigh agus Sualainnis mar dhara teanga | níos airde don ghairmoiliúint i gcomhar le Sualainnis d'Inimircigh agus Sualainnis mar dhara teanga, lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | | | sóisialta agus oiliúint sa tSualainnis. |
| 24 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S1: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 0 | 2 000 | R4 | 2020 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2020, i gcomparáid le bonnlíne an mhéadaithe a bhí beartaithe roimhe sin go 40 500 áit staidéir bhliantúla in 2020, rud a d'fhág go raibh 42 500 áit staidéir ar an iomlán ann in R4 2020. Díreofar an beart ar dhaoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí nó a chomhionann acu agus a bhfuil gairmcháilíocht cháilithe á lorg acu. Déanfar obair leantach ar an sprioc trí fhaireachán a dhéanamh ar líon iomlán na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha sa bhliain lena mbaineann. |
| 25 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S2: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 2 000 | 6 300 | R4 | 2021 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2021, i gcomparáid le bonnlíne an mhéadaithe a bhí beartaithe roimhe sin go 42 500 áit staidéir bhliantúla in 2021, rud a d'fhág go raibh 46 800 áit staidéir ar an iomlán ann in R4 2021. Díreofar an beart ar dhaoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí nó a chomhionann acu agus a bhfuil gairmcháilíocht cháilithe á lorg acu. Déanfar obair leantach ar an sprioc trí fhaireachán a dhéanamh ar líon iomlán na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha sa bhliain lena mbaineann. |
| 26 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S3: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 6 300 | 11 000 | R4 | 2022 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2022, i gcomparáid le bonnlíne an mhéadaithe a bhí beartaithe roimhe sin go 44 000 áit staidéir bhliantúla in 2022, rud a fhágann go mbeidh 48 700 áit staidéir ar an iomlán ann in R4 2022. Díreofar an beart ar dhaoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí nó a chomhionann acu agus a bhfuil gairmcháilíocht cháilithe á lorg acu. Déanfar obair leantach ar an sprioc trí fhaireachán a dhéanamh ar líon iomlán na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha sa bhliain lena mbaineann. |

| Líon | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An t-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 27 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S4: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile | | Líon na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha | 11 000 | 14 900 | R4 | 2023 | Líon na n-áiteanna staidéir nua in 2023, i gcomparáid le bonnlíne an mhéadaithe a bhí beartaithe roimhe sin go 45 300 áit staidéir bhliantúla in 2023, rud a fhágann go mbeidh 49 200 áit staidéir ar an iomlán ann in R4 2023. Díreofar an beart ar dhaoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí nó a chomhionann acu agus a bhfuil gairmcháilíocht cháilithe á lorg acu. Déanfar obair leantach ar an sprioc trí fhaireachán a dhéanamh ar líon iomlán na n-áiteanna staidéir lánaimseartha coibhéiseacha sa bhliain lena mbaineann. |
| 28 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S1: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas | | Líon na mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha | 0 | 9 000 | R4 | 2021 | 9 000 mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha breise a rinne aon chúrsa a thug an ollscoil le linn an tseimeastair reatha i gcoibhéis lánaimseartha i gcomparáid leis an mbonnlíne de 300 400 mac léinn lánaimseartha cláraithe in 2019, rud a d'fhág go raibh 309 400 mac léinn lánaimseartha san iomlán ann in Q4 2021. |
| 29 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S2: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas | | Líon na mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha | 9 000 | 19 000 | R4 | 2022 | 10 000 mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha breise a rinne aon chúrsa a thug an ollscoil le linn an tseimeastair reatha i gcoibhéis lánaimseartha i gcomparáid leis an mbonnlíne de 300 400 mac léinn lánaimseartha cláraithe in 2019, rud a fhágann go mbeidh 310 400 mac léinn lánaimseartha san iomlán ann in Q4 2022. |
| 30 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S3: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas | | Líon na mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha | 19 000 | 25 000 | R4 | 2023 | 6 000 mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha breise a rinne aon chúrsa a thug an ollscoil le linn an tseimeastair reatha i gcoibhéis lánaimseartha i gcomparáid leis an mbonnlíne de 300 400 mac léinn lánaimseartha cláraithe in 2019, rud a fhágann go mbeidh 306 400 mac léinn lánaimseartha san iomlán ann in Q4 2023. |
| 31 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S4: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas | | Líon na mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha | 25 000 | 30 600 | R4 | 2024 | 5 600 mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha breise a rinne aon chúrsa a thug an ollscoil le linn an tseimeastair reatha i gcoibhéis lánaimseartha i gcomparáid leis an mbonnlíne de 300 400 mac léinn lánaimseartha cláraithe in 2019, rud a fhágann go mbeidh 306 000 mac léinn lánaimseartha san iomlán ann in Q4 2024. |
| 32 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar | Sprioc | S5: Mic léinn breise atá cláraithe | | Líon na mac léinn | 30 600 | 35 900 | R4 | 2025 | 5 300 mac léinn lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha breise a rinne aon chúrsa a thug an ollscoil le linn an |

| Líon | Beart | Cloch mhíle/Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An t-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | | san ardoideachas | | lánaimseartha cláraithe coibhéiseacha | | | | | tseimeastair reatha i gcoibhéis lánaimseartha i gcomparáid leis an mbonnlíne de 300 400 mac léinn lánaimseartha cláraithe in 2019, rud a fhágann go mbeidh 305 700 mac léinn lánaimseartha san iomlán ann in Q4 2025. |
| 33 | An gníomh um chosaint fostaíochta agus deiseanna aistrithe níos fearr | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha chun an chosaint fostaíochta a nuachóiriú agus deiseanna aistrithe níos fearr a fheabhsú | Foráil sa dlí lena leagtar síos cosaint fostaíochta níos fearr agus deiseanna aistrithe d'fhostaithe, rud a léiríonn an teacht i bhfeidhm. | | | | R2 | 2022 | Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ar na gníomhartha reachtacha ábhartha, tar éis do pharlaimint na Sualainne iad a ghlacadh, lena n-áirítear go háirithe an gníomh um chosaint fostaíochta agus na dlíthe nua atá beartaithe maidir le maoiniú aistrithe mac léinn agus tacaíocht bhunúsach aistrithe agus scileanna i margadh an tsaothair.<br><br>Is é is cuspóir don phacáiste reachtach níos mó solúbthachta agus intuarthachta a thabhairt d'fhostóirí chun a gcuid gníomhaíochtaí a chur in oiriúint, chun dul san iomaíocht, agus chun cosaint fostaithe a chur in oiriúint do mhargadh nua an tsaothair, áit a mbaineann an tslándáil le forbairt leanúnach scileanna, agus ar an gcaoi sin cuirfear feabhas ar an infhostaitheacht.<br>Ar an dara dul síos, ba cheart an deis a bheith ag fostaithe tacaíocht bhunúsach aistrithe agus scileanna a fháil chun oiriúnú do phost nua a éascú. Ar an tríú dul síos, is é is aidhm don Scéim nua Maoinithe Mac Léinn don Aistriú agus don Athoiliúint deis a éascú d'fhostaithe páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun a seasamh sa mhargadh saothair a neartú le linn a ngairmréime. |

### C. COMHCHUID 3: DÁLAÍ NÍOS FEARR CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÚSHLÁIN DHÉIMEAGRAFACHA

Is éard atá sa chomhchuid seo athchóirithe arb é is aidhm dóibh meánaois na bpinsean a mhéadú, inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a neartú, scileanna na foirne atá ag obair in ionaid chúraim do dhaoine scothaosta a fheabhsú, agus feabhas a chur ar mhaoirseacht agus ar fhorfheidhmiú an chórais airgeadais maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Shainaithin an tSualainn roinnt dúshlán maidir le cúram fadtéarmach, an déimeagrafaíocht (meastar go mbeidh impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha aici), mar aon le saincheisteanna a bhaineann leis na sásraí forfheidhmithe le haghaidh frithsciúradh airgid/maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Ar an gcéad dul síos, is gá cáilíocht an chórais cúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú. Is éard atá i gceist le hathchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir sin ná aitheantas gairmiúil na gcúntóirí altranais a rialáil, agus comhlánaítear an t-athchóiriú sin trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcaipiteal daonna le haghaidh na bhfeighlí atá fostaithe ag bardais ina n-ionaid, trí na costais a bhaineann lena n-oiliúint bhreise le linn uaireanta oibre íoctha a aisíoc.

Ar an dara dul síos, ba cheart go méadódh an mheánaois phinsin an tráth céanna agus a chuirfí feabhas ar inbhuanaitheacht an chórais pinsin phoiblí agus an meánionchas saoil ag dul i méid agus an daonra in aois oibre ag laghdú. Tugann an chomhchuid aghaidh ar an dúshlán sin trí athchóiriú a bhí ann cheana a chur san áireamh lena nasctar an aois scoir le tagarmharc (atá ailínithe leis an meánionchas saoil) chomh maith leis na teorainneacha aoise don chóras ranníocaíochta slándála sóisialta a choigeartú.

Ar an tríú dul síos, ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. Bhí roinnt beart forchurtha ag an tSualainn cheana féin, agus cuireann an chomhchuid le dhá thogra le haghaidh athchóiriú: (1) Fiosrúchán poiblí ar éifeachtacht an struchtúir mhaoirseachta institiúidigh i réimse an fhrithsciúrtha airgid maille le tograí le haghaidh feabhsuithe ar conas faisnéis a roinnt ar bhealach níos fearr idir institiúidí príobháideacha agus poiblí; (2) Trí bhille a rith maidir le rochtain ar shonraí a bhaineann le cuntais bhainc agus taisceadáin a thabhairt do gach údarás inniúil iomchuí.

Meastar go cuirfidh an chomhchuid le moltaí tír-shonracha a díríodh ar an tSualainn, go háirithe ‘an infheistíocht a bhaineann le beartas eacnamaíoch maidir le hoideachas agus scileanna a dhíriú’ (moladh tírshonrach 2, 2019), ‘maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú an chreata frithsciúrtha airgid a áirithiú’ (moladh tírshonrach 2, 2019) agus ‘feabhas a chur ar éifeachtacht na maoirseachta frithsciúrtha airgid agus an creat frithsciúrtha airgid a fhorfheidhmiú go héifeachtach’ (moladh tírshonrach 3, 2020), agus ‘aghaidh a thabhairt ar bheartais fhioscacha atá dírithe ar staideanna fioscacha meántéarmacha stuama agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á feabhsú (...), athléimneacht an chórais sláinte a áirithiú, lena n-áirítear soláthairtí leordhóthanacha táirgí leighis ríthábhachtacha, bonneagair agus lucht saothair’ (moladh tírshonrach 1, 2020).

#### <u>C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha</u>

<u>Infheistíocht 1: Tionscnamh cúraim do dhaoine scothaosta</u>

Beidh sé d’aidhm ag an infheistíocht sin feabhas a chur ar scileanna na mball foirne atá ag obair in ionaid chúraim do sheandaoine. Is éard a bheidh ann eisíocaíochtaí na gcostas tuarastail a bhaineann le huasoiliúint agus oiliúint na mball foirne (8000 rannpháirtí as grúpaí éagsúla) le linn a n-

uaireanta oibre. Déanfaidh an rialtas láir na heisíocaíochtaí sin leis na bardais atá freagrach as cúram do sheandaoine.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 1: Teideal gairmiúil cúntóirí altranais a rialáil

Tabharfaidh an t-athchóiriú sin aghaidh ar an easpa forálacha atá ann sa dlí náisiúnta maidir leis na scileanna agus/nó an t-oideachas is gá le haghaidh teideal cúnta altranais aitheanta. Tiocfaidh togra reachtach i bhfeidhm faoin 30 Meán Fómhair 2023 ina léireofar na scileanna oideachais agus/nó na scileanna comhfhreagracha a bheidh ag teastáil ó dhaoine a bhfuil teideal an chúntóra altranais á lorg acu. Sonrófar idirthréimhse 10 mbliana (meastar go gcríochnóidh sí in 2033) ionas go mbeidh na fostaithe a bhfuil an ghairm acu faoi láthair in ann iarratas a dhéanamh ar an deimhniú aitheantais agus an deimhniú aitheantais a fháil. Is iad na torthaí a mheastar a bheidh ar chur chun feidhme an athchóirithe cosaint dhlíthiúil do ghairm na gcúntóirí altranais, agus cáilíocht níos fearr agus níos mó seirbhísí sábháilteachta i suíomhanna cúraim sláinte agus in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh.

Beidh cur chun feidhme an athchóirithe tugtha chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2023.

Athchóiriú 2: Teorainneacha aoise coigeartaithe

Is é is cuspóir don athchóiriú seo meánaois na bpinsean a mhéadú agus inbhuanaitheacht chóras poiblí na bpinsean a fheabhsú a thuilleadh trí aois an scoir a mhéadú de réir a chéile, mar a léirítear sna coigeartuithe ar na córais slándála sóisialta agus cánach. Déanfar roinnt teorainneacha aoise a choigeartú de réir a chéile ó 2023 ar haghaidh, go sonrach méadófar an aois íosta chun sochair phinsin a thógáil ó 62 go dtí 63 agus méadófar an aois íosta chun an chosaint scoir a íoc ó 65 go 66. Ina dhiaidh sin, ag tosú ó 2026, déanfar na teorainneacha aoise scoir a nascadh le haois tagarmhairc a bheidh ailínithe leis an meánionchas saoil. Déanfar na teorainneacha aoise maidir le slándáil shóisialta, le cánacha agus le córais ranníocaíochta a choigeartú dá réir chun go mbeidh soláthar saothair níos mó agus ioncam cánach níos airde ann.

Beidh cur chun feidhme an athchóirithe tugtha chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 3: Bearta níos láidre i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta

Rinneadh fiosrúchán poiblí a eagrú chun dhá chúram a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, chun tograí a sholáthar le haghaidh leasuithe reachtacha chun frithsciúradh airgid a dhéanamh níos déine agus níos éifeachtaí agus chun cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Ar an dara dul síos, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Údarás Maoirseachta Airgeadais na Sualainne ó thaobh acmhainní, foirne agus rialúcháin rialtais de, i measc nithe eile, agus ar éifeachtacht struchtúr institiúideach an chórais maoirseachta ina iomláine freisin. Cuireadh togra faoi bhráid an rialtais an 31 Bealtaine 2021 (SOU 2021:42) agus seoladh é chuig comhairliúchán poiblí a dúnadh an 16 Meán Fómhair 2021. Cuirfidh torthaí an fhiosrúcháin phoiblí le togra rialtais agus déanfar an reachtaíocht ábhartha a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm.

Beidh cur chun feidhme an athchóirithe tugtha chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4: Córas nua maidir le cuntais bhainc agus taisceadáin

Baineann an t-athchóiriú seo le rochtain a thabhairt do na húdaráis ábhartha (Aonad um Fhaisnéis Airgeadais, an Ghníomhaireacht Cánach, an tÚdarás Forfheidhmiúcháin, údaráis forfheidhmithe dlí) ar shonraí a bhaineann le céannacht shealbhóirí cuntas bainc agus taisceadán, chun dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le frithsciúradh airgid agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac: Ní chumhdófar leis an mbeart seo sonraí maidir le stair an iarmhéid agus stair na n-idirbheart. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar ardán a bhainisteoidh Údarás Cánach na Sualainne. Cuireadh togra reachtach (Togra 2019/20:83) ar aghaidh chuig an Riksdag an 11 Feabhra agus

tiocfaidh sé i bhfeidhm an 10 Meán Fómhair 2020 (2020:272); déanfaidh Gníomhaireacht Cánach na Sualainne an nasc idir tuairim is 150 institiúid airgeadais agus gníomhaireacht inniúil a chur i gcrích agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2022.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith tugtha chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2020.

Athchóiriú 5: Ag áirithiú go gcuirfear an Plean Téarnaimh Athléimneachta chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil

Is é is aidhm don athchóiriú seo, maidir leis na sainorduithe nó na sannacháin dhlíthiúla ábhartha do na húdaráis a bhfuil baint acu le comhordú, faireachán, rialú agus iniúchadh a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Sualainne, iad a bhunú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241. Chun a áirithiú go mbeidh córas rialúcháin inmheánaigh leormhaith agus feidhmiúil ann maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tiocfaidh na leasuithe reachtacha seo a leanas i bhfeidhm sula gcuirfear an chéad iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin.

1) Leasuithe ar na rialacháin is infheidhme agus ar shannacháin do na heintitis rialtais uile a bhfuil baint acu le gnéithe oibríochtúla chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir le ceanglais Airteagal 22 agus le ceanglais 34(2) de Rialachán (AE) 2021/241;

2) Teacht i bhfeidhm na sainorduithe foirmiúla uile chun cúraimí gaolmhara a chur i gcrích ag Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) mar an t-údarás iniúchóireachta atá freagrach as faireachán foriomlán a dhéanamh ar eisíocaíochtaí agus ar úsáidí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, agus an ceart aige faisnéis a bhailiú maidir le clocha míle agus le spriocanna a bhaint amach, i.e. rochtain ar shonraí ag na comhlachtaí cur chun feidhme agus an ceart iniúchóireachta lena n-áirítear rochtain ar shonraí faoi fhaighteoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 22(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241. Is é ESV an t-údarás iniúchóireachta inniúil maidir leis na torthaí agus na moltaí iniúchóireachta ábhartha go léir a thabhairt le chéile agus an fhaisnéis is gá a iarraidh chun na freagrachtaí sin a chur i gcrích. Ina theannta sin, údaráis shonracha a bheidh freagrach as gnéithe chur i gcrích na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, déanfaidh an rialtas cinneadh maidir le sainorduithe do na húdaráis sin chun tuairisc a thabhairt d'Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) agus don inniúlacht lárnach chomhordúcháin laistigh d'oifigí an rialtais (an Aireacht Airgeadais), tuairiscí maidir lena gcuspóirí agus le baint amach cloch míle agus spriocanna faoi seach, chun dearbhuithe bainistíochta a sholáthar, chun go bhféadfaidh ESV iniúchtaí a dhéanamh, agus chun infheictheacht mhaoiniú an Aontais a áirithiú;

3) Teacht i bhfeidhm na sainorduithe foirmiúla uile mar aon leis an leithdháileadh buiséadach is gá chun na cúraimí gaolmhara maidir le hiniúchóireacht a chur i gcrích ag Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV).

Is féidir na cinntí is gá i bpointe 1) a shonrú mar seo a leanas:

- Déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas: cinneadh a dhéanamh maidir le sannacháin do na húdaráis seo a leanas chun tuairisciú ar a gclocha míle agus ar a spriocanna faoi seach, dearbhuithe bainistíochta a chur isteach agus iniúchtaí ag Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) a cheadú, agus infheictheacht mhaoiniú an Aontais a áirithiú:
    1. An Bord Náisiúnta Tithíochta, Tógála agus Pleanála,
    2. An Ghníomhaireacht um Rialtas Digiteach,
    3. Gníomhaireacht Náisiúnta na Sualainne um Ard-ghairmoideachas,
    4. Gníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil,
    5. Údarás Poist agus Teileachumarsáide na Sualainne,

6. An Bord Náisiúnta Sláinte agus Leasa,
7. Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne,
8. Gníomhaireacht Náisiúnta na Sualainne um Oideachas,
9. Údarás Iompair na Sualainne, agus
10. Sannadh d'údarás i réimse an oideachais

Tá sé ar intinn ag an Rialtas comhaontuithe a dhéanamh ar choinníollacha leasaithe Ollscoil Teicneolaíochta Chalmers agus Ollscoil Jönköping.

- Más gá, forlíonfar na rialacháin agus na sannacháin seo a leanas i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 22(2), pointe (e) agus pointe (f), agus in Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ina theannta sin, déanfar na rialacháin a fhorlíonadh chun go mbeidh ESV freagrach as obair leantach a dhéanamh ar íocaíochtaí agus an fhaisnéis is gá a iarraidh ar fhaighteoirí deontas stáit de réir na rialachán:
  1. Rialachán (2017:1319) [förordningen om statligt stöd till åtgärder som bidrar till industrins klimatomställning],
  2. Rialachán (2015:517) [förordningen om stöd till lokala klimatinvesteringar],
  3. Rialachán (2019:525) [förordningen om statligt stöd för installation av laddningspunkter för elfordon],
  4. Teacht Rialachán [förordning om stöd till energieffektivisering av bostadshus (bereds för närvarande)],
  5. Rialachán (2020:266) [förordningen om statligt stöd för utbyggnad av bredbandsinfrastruktur],
  6. Rialachán (2016:881) [förordningen om statligt investmenteringsstöd för hyresbostäder och Bostäder för studerande],
  7. Rialachán (2016:937) [förordningen om statsbidrag för regional yrkesinriktad vuxenutbildning],
  8. Rialachán (2009:130) [förordningen om yrkeshögskolan],
  9. na tascanna a bheidh ann le haghaidh 2022 agus 2023 maidir le deontais stáit a íoc le bardais mar gheall ar an tionscnamh cúraim do dhaoine scothaosta,
  10. Sannadh/rialachán don Ghníomhaireacht um Rialtas Digiteach,
  11. Sannadh d'údarás i réimse an oideachais,
  12. Sannadh/rialachán do Ghníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil,
  13. Sannadh/rialachán don Bhord Náisiúnta Sláinte agus Leasa, agus
  14. Sannadh/rialachán d'Údarás Iompair na Sualainne,

  Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith tugtha chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

## C.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

*Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.*

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 34 | An Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | Sprioc | Chuir 1 500 rannpháirtí tús le hoideachas faoin Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | | Líon na rannpháirtithe | 0 | 1 500 | R4 | 2021 | Ar a laghad 1 500 ball foirne i gcúram do dhaoine scothaosta (ó thrí ghrúpa feidhmeacha: cúntóirí altranais, altraí, cinn aonaid), beidh tús curtha acu le hoideachas le linn na tréimhse 2020-2021 |
| 35 | An Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | Sprioc | Chuir 8 000 rannpháirtí tús le hoideachas faoi chuimsiú an Tionscnaimh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | | Líon na rannpháirtithe | 1 500 | 8 000 | R4 | 2023 | Ar a laghad 8 000 ball foirne i gcúram do dhaoine scothaosta (ó thrí ghrúpa feidhmeacha: cúntóirí altranais, altraí, cinn aonaid), beidh tús curtha acu le hoideachas le linn na tréimhse 2020-2023. |
| 36 | Teideal gairmiúil faoi chosaint ghairm an chúntóra altranais | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena rialaítear teideal gairmiúil an chúntóra altranais | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear ceanglais cháilíochta maidir le teideal na gcúntóirí altranais, foilsítear san iris oifigiúil í agus tiocfaidh sí i bhfeidhm ar an dáta foilsithe | | | | R3 | 2023 | Tagann an gníomh reachtach maidir leis an oideachas is gá le haghaidh teideal altra dara leibhéal i bhfeidhm tar éis do pharlaimint na Sualainne é a ghlacadh. Bunófar leis an dlí ceanglais cháilíochta, chomh maith le hidirthréimhse 10 mbliana chun go mbeidh na fostaithe a bhfuil an ghairm acu faoi láthair in ann iarratas a dhéanamh ar an deimhniú aitheantais agus an deimhniú aitheantais sin a fháil. |
| 37 | Teorainneacha aoise coigeartaithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha chun teorainneacha aoise i gcórais slándála sóisialta agus i gcórais chánach a choigeartú | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear teorainneacha aoise coigeartaithe i gcórais slándála | | | | R4 | 2023 | Teacht i bhfeidhm, tar éis do Pharlaimint na Sualainne leasuithe reachtacha a ghlacadh lena ndéantar teorainneacha aoise i gcórais slándála sóisialta agus i gcórais chánach a mhéadú faoi cheann bliana |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | | sóisialta agus i gcórais chánach, foilsítear san iris oifigiúil í agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta foilsithe | | | | | | |
| 38 | Teorainneacha aoise coigeartaithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm choigeartú uathoibríoch na dteorainneacha aoise i gcórais slándála sóisialta agus i gcórais chánach i gcomhréir le forbairt an fhad saoil atá fágtha ag 65 bliana | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear nasc idir an aois scoir agus aois tagarmhairc atá ag teacht leis an meánionchas saoil, foilsítear san iris oifigiúil í agus tiocfaidh sí i bhfeidhm ar an dáta foilsithe | | | | R2 | 2026 | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha, tar éis do Pharlaimint na Sualainne iad a ghlacadh, lena nasctar na teorainneacha aoise scoir le haois tagarmhairc atá ag teacht leis an meánionchas saoil |
| 39 | Bearta i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha maidir le bearta níos láidre i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm forálacha reachtacha lena mbunaítear bearta níos éifeachtaí i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta | | | | R4 | 2023 | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha, tar éis do Pharlaimint na Sualainne iad a ghlacadh, maidir le bearta níos éifeachtaí i gcoinne sciúradh airgid agus leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 40 | Córas nua maidir le cuntais bhainc agus taisceadáin | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí nua i dtaca le córas nua maidir le cuntais bhainc agus taisceadáin | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar rochtain ar shonraí a bhaineann le céannacht shealbhóirí cuntas bainc agus taisceadán do na húdaráis ábhartha, tháinig sí i bhfeidhm ar an dáta a foilsíodh é (10 Meán Fómhair 2020). | | | | R3 | 2020 | Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh lena dtugtar rochtain ar shonraí a bhaineann le céannacht shealbhóirí cuntas bainc agus taisceadán do na húdaráis inniúla ábhartha, lena n-áirítear ionchúisitheoirí poiblí. |
| 41 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | M1: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear socruithe maidir le hiniúchóireacht agus rialúchán | Teacht i bhfeidhm sainorduithe agus sannacháin | | | | R4 | 2021 | Déanfaidh an Rialtas cinntí maidir leis na sainorduithe/na sannacháin do na húdaráis ábhartha, mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart, údaráis a shanntar chun an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun críche, agus maidir le cinntí eile is gá chun an Plean sin a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, rud a chomhlíonann ceanglais Rialachán (AE) 2021/241. |
| 42 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | M2: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go | Teacht i bhfeidhm sainorduithe agus sannacháin | | | | R4 | 2021 | Tabharfaidh an Rialtas d'Údarás Bainistíochta Airgeadais Náisiúnta na Sualainne (ESV) na sainorduithe/sannacháin ábhartha maidir le bainistíocht faisnéise i ndáil le cur chun críche an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (bailiú sonraí maidir le clocha míle agus spriocanna a bhaint amach) agus le tuairisciú, taobh amuigh dá |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear socruithe maidir le hiniúchóireacht agus rialúchán | | | | | | | sainordú mar údarás iniúchóireachta. |
| 43 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | M3: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear socruithe maidir le hiniúchóireacht agus rialúchán | Teacht i bhfeidhm sainorduithe agus sannacháin | | | | R4 | 2021 | Glacfaidh an Rialtas na cinntí maidir leis na sainorduithe/sannacháin ábhartha d'Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) maidir leis an iniúchóireacht. |

### D. COMHCHUID 4: FAIRSINGIÚ LEATHANBHANDA AGUS DIGITIÚ AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Sa chuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, tá infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh bonneagar digiteach na Sualainne a leathnú agus a riarachán poiblí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos oiriúnaí dá fheidhm trí leas a bhaint as na deiseanna atá ann de bharr an digitithe.

Tá bonneagar leathanbhanda na Sualainne ar ardleibhéal tríd is tríd. Mar sin féin, chun cuspóir an rialtais a bhaint amach gur cheart go mbeadh rochtain ag an tSualainn ar fad ar leathanbhanda ardluais faoi 2025, is gá an rochtain a mhéadú go háirithe i limistéir inar tearc an daonra, áit nach n-áirithítear soláthar na seirbhísí sin le sásraí margaidh amháin. Trí luas agus infhaighteacht nasc leathanbhanda a mhéadú, tabharfar tacaíocht do theaghlaigh agus do chuideachtaí chun tairbhe a bhaint as mearaistriú digiteach.

Áireofar sa chomhchuid sin freisin infheistíochtaí i mbonneagar digiteach ar fud an riaracháin. Faoi láthair, tá an easpa bhonneagair sin léirithe i sraith ilchineálach creataí agus caighdeán éagsúil, rud a chuireann isteach ar an idir-inoibritheacht, agus méadaítear rioscaí d’éifeachtúlacht agus do shlándáil dá bhrí sin. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhchuid seo aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí bhonneagar digiteach comhroinnte a bhunú.

Meastar go rannchuideoidh an chomhchuid le moltaí tírshonracha a bheidh dírithe ar an tSualainn, go háirithe ‘infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar [...] earnálacha ardteicneolaíochta agus nuálacha’ (moladh tír-shonrach 1 2020).

#### D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Infheistíocht 1: Bonneagar digiteach riaracháin phoiblí comhpháirteach

Is í an Ghníomhaireacht um Rialtas Digiteach na Sualainne a dhéanfaidh an infheistíocht a chomhordú le rannpháirtíocht gníomhaireachtaí éagsúla de chuid na Sualainne, agus is é a bheidh i gceist leis an infheistíocht seirbhísí digiteacha nua a fhorbairt agus uasghrádú agus nuachóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ann cheana, go háirithe seirbhísí trína gcumasaítear seirbhísí digiteacha caighdeánaithe na hearnála poiblí digití le haghaidh gnólachtaí agus saoránaigh, amhail seirbhísí poist digiteacha agus seirbhísí tacaíochta lenar féidir faisnéis a mhalartú agus a láimhseáil amhail creata céannachta agus iontaoibhe. Is é an aidhm atá leis éifeachtúlacht agus slándáil níos fearr a bhaint amach agus sonraí poiblí á láimhseáil, agus ag an am céanna réitigh chaighdeánaithe ar fud an riaracháin phoiblí a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Déanfar cistí a leithdháileadh ar leithreasú comhchoiteann óna n-íocfar deontais leis na húdaráis rannpháirteacha, chun cuidiú leo bonneagar digiteach caighdeánaithe agus réitigh a forbraítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bhunú. Thar aon ní eile, is éard a bheidh san infheistíocht creat náisiúnta le haghaidh sonraí príomhúla, le haghaidh seirbhísí digiteacha nua agus feabhsaithe, chomh maith le seirbhísí tacaíochta chun faisnéis a mhalartú agus a láimhseáil agus creat coiteann iontaoibhe agus slándála.

Déanfar cur chun feidhme na hinfheistíochta a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 2: An leathanbhanda a leathnú

Leis an mbeart maoineofar tacaíocht chun nascacht leathanbhanda a leathnú i gcás nach féidir le hoibreoirí margaidh leathnú ar bhonn tráchtála. Déanfaidh Údarás Sualannach na Teileachumarsáide agus an Phoist bainistiú ar an tacaíocht ón rialtas lárnach trí incháilitheacht a thástáil, cinneadh a dhéanamh maidir le deontais, íocaíochtaí a dhéanamh, agus maoirseacht agus

faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Cuirfear tacaíocht ar fáil chomh fada le pointe nasctha, mar shampla snáithín, ('bailte deimhnithe') agus le haghaidh bonneagar ag a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad. Leis an gcinneadh deontais áireofar forálacha maidir le slándáil oibríochtúil agus le hiontaofacht agus oibleagáid ar fhaighteoir na tacaíochta nasc leathanbhanda a sholáthar do na húsáideoirí deiridh arna iarraidh sin dóibh, laistigh de thrí bliana tar éis an tionscadal a chríochnú ('bailte nasctha'). Beidh an tacaíocht neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na tionscadail na luasanna a iarradh.

Déanfar cur chun feidhme na hinfheistíochta a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

## D.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

*Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.*

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An sprioc-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 44 | Bonneagar digiteach riaracháin phoiblí comhpháirteach | Cloch mhíle | Déanfar an creat náisiúnta le haghaidh sonraí bunúsacha agus bonneagar digiteach poiblí comhpháirteach a bunú agus beidh siad oibríochtúil | Déanfar an creat náisiúnta agus bonneagar digiteach poiblí comhpháirteach a bhunú agus beidh siad oibríochtúil chun faisnéis leictreonach a mhalartú ar bhealach slán éifeachtúil agus chun rochtain a fháil ar shonraí bunúsacha laistigh den earnáil phoiblí. | | | | R4 | 2023 | Maidir le creat náisiúnta le haghaidh sonraí bunúsacha (lena gcumhdaítear faisnéis phearsanta, faisnéis maidir le cuideachta agus le maoine agus faisnéis gheografach ar dtús) agus le haghaidh bonneagar digiteach poiblí comhpháirteach, lena n-áirítear bloic thógála le haghaidh faisnéis a mhalartú agus a láimhseáil, le haghaidh seirbhísí digiteacha nua agus creataí iontaoibhe agus slándála chun faisnéis a mhalartú ar bhealach slán éifeachtúil san earnáil phoiblí, bunófar iad agus beidh siad oibríochtúil. |
| 45 | An leathanbhanda a leathnú | Sprioc | S1: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (Bailte Deimhnithe) | | Rochtain nua ar fhoirgnimh ag leathanbhanda | 0 | 23 500 | R4 | 2021 | 23 500 foirgneamh breise ar a laghad a bheith i gcóngar líonra ag a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad (Bailte Deimhnithe) i dtionscadail a fhaigheann cabhair deontais. Is é atá i gceist le bheith i gcóngar, foirgnimh nach bhfuil nasctha le líonra fíor-ardacmhainne (e.g. snáithín), ach i gcás ina bhfuil an líonra sin (e.g. cábla snáithín) suite gar don fhoirgneamh. |
| 46 | An leathanbhanda a leathnú | Sprioc | S2: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (Bailte Deimhnithe) | | Rochtain nua ar fhoirgnimh ag leathanbhanda | 23 500 | 41 900 | R4 | 2022 | 18 400 foirgneamh breise ar a laghad a bheith i gcóngar líonra ag a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad (Bailte Deimhnithe) i dtionscadail a fhaigheann cabhair deontais. Is é atá i gceist le bheith i gcóngar, foirgnimh nach bhfuil nasctha le líonra fíor-ardacmhainne (e.g. snáithín), ach i gcás ina bhfuil an líonra sin (e.g. cábla snáithín) suite gar don fhoirgneamh. |
| 47 | An leathanbhanda a leathnú | Sprioc | S3: Líon breise foirgneamh le rochtain ar | | Rochtain nua ar fhoirgnimh ag leathanbhanda | 41 900 | 50 900 | R4 | 2023 | 9 000 foirgneamh breise ar a laghad i gcóngar líonra a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad (Bailte Deimhnithe) i dtionscadail a fhaigheann cabhair |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | An sprioc-am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| | | | leathanbhanda (Bailte Deimhnithe) | | | | | | | deontais. Is é atá i gceist le bheith i gcóngar, foirgnimh nach bhfuil nasctha le líonra fíor-ardacmhainne (e.g. snáithín), ach i gcás ina bhfuil an líonra sin (e.g. cábla snáithín) suite gar don fhoirgneamh. |
| 48 | An leathanbhanda a leathnú | Sprioc | S4: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (Bailte Deimhnithe) | | Rochtain nua ar fhoirgnimh ag leathanbhanda | 50 900 | 59 400 | R4 | 2024 | 8 500 foirgneamh breise ar a laghad i gcóngar líonra a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad (Bailte Deimhnithe) i dtionscadail a fhaigheann cabhair deontais. Is é atá i gceist le bheith i gcóngar, foirgnimh nach bhfuil nasctha le líonra fíor-ardacmhainne (e.g. snáithín), ach i gcás ina bhfuil an líonra sin (e.g. cábla snáithín) suite gar don fhoirgneamh. |
| 49 | An leathanbhanda a leathnú | Sprioc | S5: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (Bailte Deimhnithe) | | Rochtain nua ar fhoirgnimh ag leathanbhanda | 59 400 | 66 100 | R4 | 2025 | 6 700 foirgneamh breise ar a laghad i gcóngar líonra a bhfuil toilleadh 1 Gigighiotán sa soicind ar a laghad (Bailte Deimhnithe) i dtionscadail a fhaigheann cabhair deontais. Is é atá i gceist le bheith i gcóngar, foirgnimh nach bhfuil nasctha le líonra fíor-ardacmhainne (e.g. snáithín), ach i gcás ina bhfuil an líonra sin (e.g. cábla snáithín) suite gar don fhoirgneamh. |

## E. COMHCHUID 5: INFHEISTÍOCHT LE HAGHAIDH FÁIS AGUS TITHÍOCHTA

Leis an gcomhchuid seo áireofar athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh choimhlint a laghdú agus infheistíochtaí sa mhargadh tithíochta a chothú.

Ó cuireadh tús leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, aithníodh gur míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i ngeilleagar na Sualainne iad praghsanna arda tithe agus an ardleibhéal fiachais teaghlaigh, rud a d'fhág go ndearna moltaí tiomnaithe tírshonracha.

Beidh sé d'aidhm ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhaineann leis an margadh tithíochta an soláthar tithíochta sa mhargadh cíosa agus tithíocht do mhic léinn a mhéadú trí fhóirdheontais tógála, na réamhriachtanais i dtógáil tithíochta a fheabhsú, na scrogaill sa nós imeachta um chead foirgníochta a laghdú, agus an cháin ghnóthachan caipitiúil ar thithíocht a laghdú.

I bhfianaise an mhéid sin, is é is cuspóir don chomhchuid seo de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne rannchuidiú le méadú ar thógáil tithíochta agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta. Is é atá sa chomhchuid beart amháin infheistíochta agus cúig bheart athchóirithe.

Is iad seo a leanas na nithe a dhéanfaidh na bearta athchóirithe a bhaineann leis an margadh tithíochta: (1) cead a thabhairt do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála tógála, (2) éifeachtúlacht an chreata rialúcháin maidir le ceadanna tógála a shimpliú agus a mhéadú, (3) réamhriachtanais i dtógáil tithíochta a fheabhsú, (4) an uasteorainn ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha a ardú, agus (5) deireadh a chur le hioncam ríofa na cánach ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha.

Táthar ag súil go rannchuideoidh an chomhchuid le moltaí tírshonracha a dhírítear ar an tSualainn, go háirithe 'dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le ardfhiachas teaghlaigh trí laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar inasbhainteacht chánach íocaíochtaí úis morgáiste nó trí chánacha athfhillteacha maoine a mhéadú. Infheistíocht a spreagadh i bhfoirgníocht chónaithe, earnáil ina bhfuil an ghanntanas is práinní, go háirithe trí dheireadh a chur le bacainní struchtúracha ar an bhfoirgníocht. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na cánach gnóthachan caipitiúil' (moladh tírshonrach 1, 2019).

### <u>E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha</u>

<u>Infheistíocht 1: Cabhair infheistíochta le haghaidh tithíocht chíosa agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn</u>

Is sé is aidhm don bheart infheistíochta an ganntanas tithíochta a mhaolú tríd an soláthar teaghaisí nua cíosa a bhfuil cíos níos ísle acu i gcoibhneas le tithíocht nua neamh-fhóirdheontais a mhéadú. Mar aon le srianta a bhaineann le riachtanais maidir le hioncaim, beidh rochtain eacnamaíoch ag líon níos mó teaghlach ar na teaghaisí sin, rud a éascóidh an cás le haghaidh daoine atá sa leath íochtarach den réimse ioncaim, le haghaidh mic léinn nó le haghaidh daoine ag éirí gníomhach ar an margadh saothair. Íocfar fóirdheontais foirgníochta i leith tithe a bheidh curtha i gcrích in 2022 agus 2023. Cuirfear roinnt coinníollacha ag gabháil leis na fóirdheontais lena n-áirithiú go mbainfear amach an spriocghrúpa, is é sin go mbeidh an chabhair infheistíochta coinníollach ar chíos uasta, is é sin nach bhféadfaidh an tiarna talún diúltú do thionónta ionchasach teaghais faoi fhóirdheonú a thógáil ar cíos ar an bhforas go bhfuil ioncam ró-íseal aige, a fhad is go bhfuil an duine nó an teaghlach in ann an cíos a íoc. Leis an scéim tacaíochta tabharfar tacaíocht d'infheistíochtaí a

bhaineann amach laghdú 20 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar leibhéal an fhoirgnimh. Meastar go mbeidh sé sin i gcomhréir leis an taithí stairiúil.

Déanfar cur chun feidhme na hinfheistíochta a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 1: Ceart tionscnaimh príobháideach – rannpháirtíocht páirtithe leasmhara pleanála i gcúrsaí criosaithe

Is é is aidhm don bheart athchóirithe tréimhsí pleanála don chriosú a ghiorrú, i limistéir ina gceadaítear an fhoirgníocht. Nuair a thiocfaidh an t-athchóiriú i bhfeidhm, tabharfar tuilleadh deiseanna do pháirtithe leasmhara amhail úinéirí maoine, forbróirí agus tógálaithe tús a chur leis an obair maidir le pleananna criosaithe mionsonraithe a fhorbairt agus an obair sin a dhéanamh go páirteach. Cuirfidh an bardas an páirtí leasmhar iarrthach ar an eolas maidir leis na doiciméid phleanála atá de dhíth le haghaidh pleanáil mhionsonraithe, lena n-áirítear na doiciméid sin a bhaineann le leasanna náisiúnta, cosaint trá, sláinte agus sábháilteacht. Déanfar athbhreithniú ar an Acht um Pleanáil agus Tógáil chun a shoiléiriú maidir le húinéirí maoine nó le daoine eile a ghlacann an tionscnamh chun plean foirgníochta a mholadh, gur féidir leis na daoine sin plean criosaithe mionsonraithe a chur i dtoll a chéile, d'ainneoin fhreagracht deiridh an bhardais.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 2: Creat rialála simplithe agus éifeachtúil le haghaidh ceadanna foirgníochta

Is é is aidhm don bheart athchóirithe an creat rialála le haghaidh ceadanna foirgníochta a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Leis an mbeart athchóirithe, bunófar an méid seo a leanas: (i) an tráth ba cheart oibleagáid maidir le ceadúnas nó maidir le fógra a thabhairt a theacht chun cinn le haghaidh cineálacha éagsúla beart foirgníochta, (ii) cé hiad na saintreoracha ba cheart a chomhlíonadh chun an cead a fháil, ag áirithiú nach bhfuil na hoibleagáidí maidir le ceadúnais níos fairsinge ná mar is gá chun leas na sochaí agus na gcomharsan (iii) na hathruithe is gá ar rialacha an nós imeachta agus (iv) tograí eile a dhéanamh freisin sna rialacháin phleanála agus foirgníochta agus i rialacháin eile a mheastar údar a bheith leo ar bhonn anailísí agus iarrataí an imscrúdaitheora.

Déanfar cur chun feidhme an athchóirithe a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3: Réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta

Chun intuarthacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe sa phróiseas tógála a chumasú agus d'fhonn próisis in-athdhéanta a éascú, chuir an Rialtas togra reachtaíochta ar aghaidh an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cuideachtaí deimhnithe tionscadail tógála – próiseas tógála níos intuartha. Déanfaidh an t-athchóiriú an tAcht um Pleanáil agus Tógáil (SCS 2010:900) a mhodhnú trí imreoir nua san Acht um Pleanáil agus Tógáil a thabhairt isteach, is é sin cuideachta tógála dheimhnithe ('Certifierade byggprojekteringsföretag – en mer förutsägbar byggprocess').

Beidh saineolas agus taithí ar leith ag cuideachta tógála dheimhnithe ar mheasúnú a dhéanamh ar na ceanglais deartha le haghaidh éifeachtachta agus inrochtaineachta chomh maith le ceanglais theicniúla maoine le haghaidh foirgnimh chónaithe a thógáil, ceanglais a leagfar amach i rialacháin rialtais, agus beidh an chuideachta sin in ann bunús a thabhairt leis sin le deimhniú arna eisiúint ag comhlacht atá creidiúnaithe chun na críche sin. Thairis sin, leis an athchóiriú, ceadófar don fhorbróir cuideachta tógála dheimhnithe a úsáid chun foirgnimh chónaithe nua a dhearadh. I gcás ina n-úsáidtear fiontar den sórt sin, ní chuirfidh an coiste Foirgníochta san áireamh na ceanglais a chumhdaítear leis an deimhniú, sula ndéanfar cinneadh maidir le ceadanna tógála ná maidir le fógraí tionscnaimh. Beidh sé roghnach don fhorbróir cuideachta tógála dheimhnithe a úsáid sa phróiseas.

Déanfar cur chun feidhme an athchóirithe a chur i gcrích faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 4: Uasteorainn níos airde don mhéid iarchurtha sa cháin ghnóthachan caipitiúil

Is é is aidhm don bheart costais idirbhirt a laghdú maidir le ceannacháin réadmhaoine a dhéanann úinéirí tí príobháideacha, rud a dhéanfaidh tithíochta agus soghluaisteacht saothair a éascú. Ardaíodh uasmhéid na ngnóthachan caipitil iarchurtha ó SEK 1 450 000 go SEK 3 000 000.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 1 Iúil 2020, agus é le bheith curtha i bhfeidhm maidir le díolacháin tar éis 30 Meitheamh 2020.

Athchóiriú 5: An t-ioncam ríofa ó ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha a dhíothú

Is é is aidhm don bheart costais idirbhirt a laghdú maidir le hidirbhearta réadmhaoine a dhéanann úinéirí tí príobháideacha, rud a dhéanfaidh tithíocht agus soghluaisteacht saothair a éascú. Leis an beart déanfar an ioncam caighdeánach ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha a dhíothú. Roimhe sin, bhí na gnóthachain chaipitiúla iarchurtha faoi réir ioncaim chaighdeánaigh bunaithe ar an ráta úis socraithe. B’éigean an t-ioncam caighdeánach sin a chur le hioncam inchánach agus gearradh cáin air ag ráta 30 %.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le bheith curtha i gcrích faoin 1 Eanáir 2021, agus feidhm aige maidir leis na blianta cánach a thosaigh tar éis an 31 Nollaig 2020.

## E.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

*Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne le haghaidh gach táscaire mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.*

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 50 | Tacaíocht infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn | Sprioc | S1: Tacaíocht a íoc le haghaidh teaghaisí críochnaithe nua | | Teaghaisí críochnaithe nua | 0 | 1,500 | R4 | 2022 | Staitisticí maidir leis na híocaíochtaí iomlána agus líon na dteaghaisí arna seachadadh a chomhlíonann na coinníollacha chun a áirithiú go mbaintear amach an spriocghrúpa, is é sin, tá an chabhair infheistíochta coinníollach ar chíos uasta, cé nach bhféadfaidh an tiarna talún diúltú do thionónta ionchasach teaghais fóirdheontais a fháil ar cíos ar an bhforas go bhfuil an t-ioncam ró-íseal, fad agus atá an duine nó an teaghlach in ann an cíos a íoc. Cuirfear na sonraí maidir le cíosanna i gcomparáid le teaghaisí nua neamh-fhóirdheontais. |
| 51 | Tacaíocht infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn | Sprioc | S2: Tacaíocht a íoc le haghaidh teaghaisí críochnaithe nua | | Teaghais chríochnaithe nua | 1,500 | 4,800 | R4 | 2023 | Staitisticí maidir leis na híocaíochtaí iomlána agus líon na dteaghaisí arna seachadadh a chomhlíonann na coinníollacha chun a áirithiú go mbaintear amach an spriocghrúpa, is é sin, tá an chabhair infheistíochta coinníollach ar chíos uasta, cé nach bhféadfaidh an tiarna talún diúltú do thionónta ionchasach teaghais fóirdheontais a fháil ar cíos ar an bhforas go bhfuil an t-ioncam ró-íseal, fad agus atá an duine nó an teaghlach in ann an cíos a íoc. Cuirfear na sonraí maidir le cíosanna i gcomparáid le teaghaisí nua neamh-fhóirdheontais. |
| 52 | Ceart tionscnaimh príobháideach – rannpháirtíocht páirtithe leasmhara pleanála i bpleanáil forbartha mionsonraithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí maidir le ceart tionscnaimh príobháideach a bhunú | Foráil sa dlí lena mbunaítear ceart tionscnaimh príobháideach lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R4 | 2021 | Teacht i bhfeidhm, tar éis do Pharlaimint na Sualainne leasuithe reachtacha a ghlacadh lena n-áirítear (1) oibleagáid ar bhardais faisnéis a chur ar fáil maidir leis na doiciméid phleanála is gá do pháirtithe príobháideacha a bhfuil baint acu le pleanáil forbartha, (2) ceart do pháirtithe leasmhara liosta na ndoiciméad a fháil a mheasann Bord Riaracháin na Tíre go bhfuil gá leo chun a mheas an mbaineann an phleanáil forbartha le leasanna a thagann faoi chúram Bhord Riaracháin an Chontae, amhail leasanna náisiúnta, cosaint an chladaigh agus sláinte agus sábháilteacht, mar aon le (3) soiléirithe ar an Acht um Pleanáil agus Tógáil maidir leis an doiciméad a bhíonn ag teastáil nuair a dhéantar plean forbartha mionsonraithe a ullmhú, go bhféadfaidh páirtithe eile an doiciméad sin a tháirgeadh seachas an bardas. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 53 | Creat rialála simplithe agus éifeachtach le haghaidh ceadanna tógála agus eile | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear creat rialála simplithe agus níos éifeachtaí le haghaidh ceadanna tógála | Foráil sa dlí lena mbunaítear creat rialála simplithe agus níos éifeachtaí le haghaidh ceadanna tógála lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R4 | 2023 | Teacht i bhfeidhm, tar éis do Pharlaimint na Sualainne leasuithe reachtacha a ghlacadh i ndáil le creat rialála simplithe agus éifeachtach le haghaidh ceadanna tógála.<br><br>An oibleagáid cheadúnúcháin agus na ceanglais nach mór a chomhlíonadh chun cead a fháil, ní bheidh siad níos fairsinge ná mar is gá chun leasanna na sochaí agus na gcomharsan a áirithiú. |
| 54 | Réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Pleanáil agus Tógáil, lena mbunaítear cuideachta tógála dheimhnithe [*Certifierade byggprojekteringsföretag – en mer förutsägbar byggprocess*] as a dtiocfaidh réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta | Foráil sa dlí lena mbunaítear réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta lena léirítear an teacht i bhfeidhm | | | | R4 | 2022 | Tar éis do Pharlaimint na Sualainne leasuithe reachtacha ar an Acht um Pleanáil agus Tógáil (SCS 2010:900) a ghlacadh, tabharfar isteach gníomhaí nua, eadhon an chuideachta tógála dheimhnithe. Úsáid cuideachta den sórt sin i bpróisis tógála tithíochta, tiocfaidh sí in ionad luathsheiceáil an bhardais ar chomhlíontacht na rialachán foirgníochta a bhaineann leis an deimhniú. Is é an cuspóir atá leis sin intuarthacht agus éifeachtúlacht mhéadaithe sa phróiseas tógála a chumasú agus próisis in-athdhéanta a éascú. |
| 55 | Uasteorainn níos airde le haghaidh gnóthachain chaipitiúla iarchurtha | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm athrú ar an dlí cánach ábhartha lena n-ardaítear an uasteorainn le haghaidh gnóthachain chaipitiúla iarchurtha [ó SEK 1,450,000 go SEK 3,000,000) | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí lena n-ardaítear an uasteorainn le haghaidh gnóthachain chaipitiúla iarchurtha | | | | R3 | 2020 | Leis an mbeart athchóirithe, ardófar an t-uasmhéid a iarchuirfear i gcás cánachas ar ghnóthachain chaipitiúla ó SEK 1.450.000 go SEK 3.000.000. |

| Uimhir | Beart | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (i gcás clocha míle) | Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna) | | | Am | | Tuairisc ar gach cloch mhíle agus gach sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad | Bonnlíne | Cuspóir | R | Bliain | |
| 56 | Ioncam caighdeánach díothaithe ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm athrú ar an dlí cánach ábhartha lena ndíothaítear an ioncam caighdeánach ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm dlí lena ndíothaítear an ioncam caighdeánach ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha | | | | R1 | 2021 | Leis an mbeart athchóirithe, díothaítear an ioncam caighdeánach ar na gnóthachain chaipitiúla iarchurtha don cháin ioncaim. |

## 2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é an costas iomlán measta a bhaineann le plean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, SEK 33 304 030 000, arb ionann é agus EUR 3 289 286 914 ar bhonn ráta tagartha EUR SEK an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 28 Bealtaine 2021.

## ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

### 1. Ranníocaíocht airgeadais

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú mar a leanas:

1.1. An Chéad Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 1 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S1: Dámhachtain tionscadal a mheastar go laghdóidh siad astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 300 000 tona |
| 7 | Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm reachta lena mbunaítear an scéim tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí a fheabhsú |
| 9 | Tacaíocht neartaithe iarnróid | Sprioc | Rinneadh 60 km d’iarnróid a fheabhsú nó a uasghrádú |
| 13 | Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear cuótaí laghdúcháin méadaithe maidir leis an oibleagáid astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghásailín agus ó dhíosal a laghdú trí cheangal a chur ar sholáthróirí breosla cumasc a dhéanamh le bithbhreoslaí de réir a chéile |
| 14 | Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear oibleagáid maidir le breosla scairde a laghdú |
| 15 | Laghdú díothaithe ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena ndíothaítear i bpáirt laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe |
| 17 | Rátaí brabúis inchánaigh coigeartaithe le haghaidh gluaisteáin chuideachta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí chun an ráta brabúis inchánaigh le haghaidh gluaisteáin chuideachta a choigeartú |

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 19 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S1: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach |
| 20 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S2: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach |
| 23 | Leibhéal cúitimh níos airde do ghairmoiliúint i gcomhar leis an tSualainnis le haghaidh Inimirceach agus don tSualainnis mar dhara teanga | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm an leibhéil níos airde cúitimh do ghairmoiliúint i gcomhar leis an tSualainnis le haghaidh Inimirceach agus don tSualainnis mar dhara teanga |
| 24 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S1: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile |
| 25 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S2: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile |
| 28 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S1: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas |
| 34 | An Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | Sprioc | Thug 1.500 rannpháirtí faoin oideachas faoi chuimsiú an Tionscnaimh Cúraim do Dhaoine Scothaosta |
| 40 | Córas nua cuntais bainc agus taisceadáin | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí nua maidir le córas nua cuntais bainc agus taisceadáin |
| 41 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | CM1: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear leagan amach an iniúchta agus an rialaithe |
| 42 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | CM2: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear leagan |

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | amach an iniúchta agus an rialaithe |
| 43 | Cinntí rialtais chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú | Cloch mhíle | CM3: Cinntí rialtais lena n-áiritheofar go gcuirfear an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, lena n-áirítear leagan amach an iniúchta agus an rialaithe |
| 45 | Leathnú leathanbhanda | Sprioc | S1: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (*Homes Passed*) |
| 52 | Ceart tionscnaimh príobháideach – rannpháirtíocht páirtithe leasmhara pleanála i bpleanáil forbartha mionsonraithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí maidir le ceart tionscnaimh príobháideach a bhunú |
| 55 | Uasteorainn níos airde le haghaidh gnóthachain chaipitiúla iarchurtha | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm athrú ar an dlí cánach ábhartha lena n-ardaítear an uasteorainn le haghaidh gnóthachain chaipitiúla iarchurtha ó SEK 1,450,000 go SEK 3,000,000 |
| 56 | Ioncam caighdeánach díothaithe ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm athrú ar an dlí cánach ábhartha lena ndíothaítear an ioncam caighdeánach ar ghnóthachain chaipitiúla iarchurtha |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 1 098 663 704 |

1.2. An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 2 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S2: Dámhachtain tionscadal a mheastar go laghdóidh siad astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 240 000 tona |
| 10 | Tacaíocht neartaithe iarnróid | Sprioc | Rinneadh 40 km d'iarnróid a fheabhsú nó a uasghrádú |
| 16 | Laghdú díothaithe ar cháin fuinnimh ar bhreosla in | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena ndíothaítear go hiomlán laghdú ar cháin fuinnimh ar bhreosla |

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | earnálacha áirithe | | in earnálacha áirithe |
| 21 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S3: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach |
| 26 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S3: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile |
| 29 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S2: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas |
| 33 | An gníomh um chosaint fostaíochta agus deiseanna aistrithe níos fearr | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha chun an chosaint fostaíochta a nuachóiriú agus deiseanna aistrithe níos mó a fheabhsú |
| 46 | Leathnú leathanbhanda | Sprioc | S2: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (*Homes Passed*) |
| 50 | Tacaíocht infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn | Sprioc | S1: Tacaíocht a íoc le haghaidh teaghaisí críochnaithe nua |
| 54 | Réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Pleanáil agus Tógáil, lena mbunaítear cuideachta tógála dheimhnithe [Certifierade byggprojekteringsföretag – en mer förutsägbar byggprocess] as a dtiocfaidh réamhriachtanais níos fearr i dtógáil tithíochta |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 709 738 272 |

1.3. An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 3 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S3: Dámhachtain tionscadal a mheastar go laghdóidh siad astaíochtaí dé-ocsaíde |

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | carbóin faoi 140 500 tona |
| 11 | Tacaíocht neartaithe iarnróid | Sprioc | Malartú, uasghrádú agus nascadh 160 saoráid cosanta bóthair |
| 18 | Cosaint fhoirmiúil de chineál luachmhar | Sprioc | Maoiniú a eisíocadh chun an dúlra a chosaint in áiteanna a bhfuil ardluachanna nádúrtha acu le haghaidh na bithéagsúlachta |
| 22 | Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach | Sprioc | S4: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoiliúint agus san oideachas aosach |
| 27 | Breis áiteanna staidéir bliantúla san ard-ghairmoideachas | Sprioc | S4: Áiteanna staidéir nua sa ghairmoideachas iar-mheánscoile |
| 30 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S3: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas |
| 35 | An Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta | Sprioc | Thug 8.000 rannpháirtí faoin oideachas faoi chuimsiú an Tionscnamh Cúraim do Dhaoine Scothaosta |
| 36 | Teideal gairmiúil faoi chosaint le haghaidh ghairm an altra cúnta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena rialaítear teideal gairmiúil an altra cúnta |
| 37 | Teorainneacha aoise coigeartaithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha chun teorainneacha aoise i gcórais slándála sóisialta agus i gcórais chánach a choigeartú |
| 39 | Bearta a neartú i gcoinne sciúradh airgid agus i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha maidir le bearta níos láidre i gcoinne sciúradh airgid agus i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta |
| 44 | Bonneagar digiteach riaracháin phoiblí comhpháirteach | Cloch mhíle | Tá an creat náisiúnta le haghaidh sonraí bunúsacha agus le haghaidh comhbhonneagar digiteach poiblí curtha |

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | ar bun agus oibríochtúil |
| 47 | Leathnú leathanbhanda | Sprioc | S3: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (*Homes Passed*) |
| 51 | Tacaíocht infheistíochta le haghaidh tithíocht ar cíos agus le haghaidh tithíocht do mhic léinn | Sprioc | S2: Tacaíocht a íoc le haghaidh teaghaisí críochnaithe nua |
| 53 | Creat rialála simplithe agus éifeachtach le haghaidh ceadanna tógála agus eile | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear creat rialála simplithe agus níos éifeachtaí le haghaidh ceadanna tógála |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 956 989 630 |

1.4. An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 4 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S4: Dámhachtain tionscadal a mheastar go laghdóidh siad astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 89 500 tona |
| 31 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S4: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas |
| 48 | Leathnú leathanbhanda | Sprioc | S4: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (*Homes Passed*) |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 223 562 469 |

1.5. An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir Sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 | Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach | Sprioc | S5: Dámhachtain tionscadal a mheastar go laghdóidh siad astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin faoi 15 000 tona |
| 6 | Infheistíocht aeráide san earnáil tionsclaíochta | Sprioc | Tionscadail a dhámhachtain a d'fhéadfadh cuidiú le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a laghdú |
| 8 | Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaisí | Sprioc | Rinneadh athchóiriú ar 600 000 méadar cearnach d'fhoirgnimh. |
| 12 | Tacaíocht neartaithe iarnróid | Cloch mhíle | Uasghrádú droichid atá suite i Vänersborg |
| 32 | Acmhainní chun freastal ar an éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile | Sprioc | S5: Mic léinn breise atá cláraithe san ardoideachas |
| 38 | Teorainn aoise choigeartaithe | Cloch mhíle | Teacht i bhfeidhm coigeartú uathoibríoch na dteorainneacha aoise i gcórais slándála sóisialta agus i gcórais chánach i gcomhréir le forbairt an fhad saoil atá fágtha ag 65 bliana |
| 49 | Leathnú leathanbhanda | Sprioc | S5: Líon breise foirgneamh le rochtain ar leathanbhanda (*Homes Passed*) |
| | | Méid na Tráthchoda | EUR 299 562 314 |

## ROINN 3: SOCRUITHE BREISE

### 1. Socruithe maidir le faireachán agus cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Maidir le plean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, déanfar an faireachán agus an cur chun feidhme air i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

- Roinn idirnáisiúnta agus eacnamaíochta na hAireachta Airgeadais, ise a bheidh ina hÚdarás Comhordúcháin agus beidh freagracht iomlán uirthi as faireachán agus feidhmiú an phlean ina iomláine. Déanfaidh an t-údarás poiblí freagrach faireachán, fíorú agus bailíochtú ar ghnóthú clocha míle agus spriocanna. Is é an tÚdarás Comhordúcháin a ullmhóidh agus a shíneoidh an dearbhú bainistíochta agus beidh sé freagrach freisin as na hiarrataí ar íocaíocht a ullmhú agus a chur isteach chuig an gCoimisiún Eorpach agus as íocaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.
- Beidh údaráis phoiblí (*myndigheter*) freagrach as bearta aonair phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a chur chun feidhme. Tuairisceoidh siad don Údarás Comhordúcháin maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme agus gnóthú na gclocha míle agus na spriocanna.
- Is é Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) an t-údarás iniúchóireachta uileghabhálach. Déanann an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta (NAO) iniúchtaí tréimhsiúla go rialta ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus iontaofacht na gcuntas.

### 2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a thabhairt don Choimisiún

Ionas go dtabharfaí rochtain iomlán don Choimisiún ar na bunsonraí ábhartha, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm ag an tSualainn:

- Is ar an Aireacht Airgeadais atá an fhreagracht fhoriomlán as an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus tá sí cuntasach thar ceann eintitis uile na hearnála poiblí maidir le gnéithe oibríochtúla agus riaracháin den phlean téarnaimh agus athléimneachta. Chun comhleanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, is é Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) an t-údarás iniúchóireachta uileghabhálach, a chabhraíonn leis an Aireacht Airgeadais lena dualgais chomhordaithe fhoriomlána. Tá freagracht ar ESV freisin as na sonraí a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar an Aireacht Airgeadais maidir le gnóthú na gclocha míle agus na spriocanna. Tá an Aireacht Airgeadais (an tÚdarás Comhordúcháin) freagrach as freagra lárnach a láimhseáil agus a áirithiú ar iarrataí ar fhaisnéis agus ar rochtain ar shonraí faoi fhaighteoirí deiridh. Na húdaráis atá freagrach as an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, áirithíonn siadsan bailiú agus stóráil na sonraí sin.
- I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, nuair a bheidh na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a comhaontaíodh i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo curtha i gcrích, cuirfidh an tSualainn iarraidh chuí-réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin maidir le híocadh na ranníocaíochta airgeadais. Áiritheoidh an tSualainn, arna iarraidh sin di, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na sonraí ábhartha foluiteacha a thacaíonn leis an réasúnú cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.